An Cód Fógraíochta do Pháistí

Doiciméad Comhairliúcháin do Chéim 3 2004

Coimisiún Craolacháin na hÉireann, 2 - 5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2
TEIL 01 644 1200 **FACS** 01 676 0948 **EPHOST** info@bci.ie **IDIRLÍON** www.bci.ie

Broadcasting Commission of Ireland
Coimisiún Craolacháin na hÉireann

An Cód Fógraíochta do Pháistí

Doiciméad Comhairliúcháin do Chéim 3 2004

Clár

1 Conas is féidir tuairimí a thabhairt faoin gCód Fógraíochta do Pháistí atá ceaptha ag an gCoimisiún le haghaidh na seirbhísí craoltóireachta? 02

2 An Cód Fógraíochta do Pháistí 04

3 An fáth ar cheapamar na rialacha seo 11

4 Forbairt an Dréachtchóid Fhógraíochta do Pháistí - Cúlra 27

1 Conas is féidir tuairimí a thabhairt faoin gCód Fógraíochta do Pháistí atá ceaptha ag an gCoimisiún le haghaidh na seirbhísí craoltóireachta?

Réamhrá

Is í seo an tríú céim d'fhorbairt an chóid fhógraíochta do pháistí. Sa doiciméad seo, cuirimid i láthair an Dréachtchód Fógraíochta do Pháistí atá ceaptha ag Coimisiún Craolacháin Éireann. D'fhorbraíomar an dréachtchód seo i bhfianaise na n-aighneachtaí a chuir an pobal chugainn, idir thuismitheoirí, chraoltóirí, fhógróirí, pháistí, eagraíochtaí sláinte agus chomhlachtaí rialtais le linn an dá phróiseas comhairliúcháin a reáchtáladh le bliain anuas. Tá roinnt ceannteideal sa dréachtchód agus sraith de rialacha faoi gach ceannteideal díobh. Nuair a bheidh an leagan deifnídeach den chód réidh, beidh ar chraoltóirí agus ar fhógróirí cloí leis na rialacha seo. Le linn Chéim 3, beimid ag iarraidh bhur dtuairimí i dtaobh an dréachtchóid. Foilseofar an leagan deifnídeach den chód i ndiaidh dúinn na haighneachtaí a fhaighimid sa phróiseas comhairliúcháin deiridh seo a mheas.

Conas is féidir tuairimí a thabhairt i dtaobh an dréachtchóid?

Ba mhaith linn dá léifeá an dréachtchód agus do mhachnamh a dhéanamh faoi na rialacha a liostaítear faoi gach ceannteideal. Chuireamar roinnt nótaí ar fáil in alt 3 a mhíníonn an réasúnaíocht a bhaineann leis na rialacha a bheith curtha faoina leithéid seo nó a leithéid siúd de cheannteideal.

Ba mhaith linn dá n-inseofá dúinn cad iad na rialacha a n-aontaíonn tú leo agus ar mian leat tacaíocht a thabhairt dóibh agus má tá rialacha ar bith ann dá n-aontaíonn tú leo. Tá sé tábhachtach go míneofá na fáthanna atá le do thuairimí sa chaoi is go mbeimidne in ann na tuairimí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus na hargóintí a thuiscint. Déan iarracht, le do thoil, do chuid freagraí a bheith chomh beacht agus is féidir sa chaoi is gur léir cén riail a bhfuil tú ag trácht uirthi. Más féidir é ar chor ar bith, ba mhaith linn do thuairim a fháil faoi gach uile cheannteideal sa dréachtchód. Déanfaimid d'fhreagra a mheas i gcomhthéacs na n-aighneachtaí go léir a fhaighimid sna trí chéim d'fhorbairt an chóid.

Struchtúr an doiciméid

Tá na hailt sa doiciméad seo leagtha amach mar seo a leanas:

Cuirtear an dréachtchód fógraíochta do pháistí i láthair in **alt 2.**

Cuirtear an dréachtchód fógraíochta do pháistí i láthair arís in **alt 3,** chomh maith le nótaí breise faoi bhun gach ceannteidil a mhíníonn an réasúnaíocht atá leis na rialacha atá ceaptha go dtí seo. Ní mhaítear gur treoir dheifnídeach iad na nótaí seo maidir le léirmhíniú an dréachtchóid. Is amhlaidh a thugtar anseo iad i gcomhthéacs an phróisis chomhairliúcháin agus mar fhoinse eolais i dtaobh cén fáth ar ceapadh na rialacha.

In **alt 4,** mínítear obair an Choimisiúin agus an próiseas a úsáideadh chun an dréachtchód a fhorbairt. Dóibh siúd nach raibh páirteach sa dá bhabhta comhairliúcháin a bhí ann roimhe seo, mínítear conas a forbraíodh an dréachtchód fógraíochta do pháistí le bliain anuas agus cén fáth ar roghnaíomar an cur chuige seo. Tugtar roinnt eolais faoin dá bhabhta comhairliúcháin dheireanacha; na ceisteanna a cuireadh, cá mhéad daoine a d'fhreagair, na tuairimí a nochtadh agus an tionchar a bhí acu ar an dréachtchód.

Is féidir libh do thuairim i dtaobh an dréachtchóid a thabhairt trí scríobh chugainn ag: An Cód Fógraíochta do Pháistí, Coimisiún Craolacháin na hÉireann, 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2 nó tríd an ríomhphost go dtí *codes@bci.ie* nó ar ár suíomh gréasáin ar *http://www.bci.ie* Tá nasc ar an suíomh leis an gCód Fógraíochta do Pháistí chun gur féidir freagairt ar líne.

Tá an doiciméad seo le dáileadh ar raon leathan de dhaoine, de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí. Tá leagan simplí den doiciméad seo, a bheadh oiriúnach do pháistí, le fáil chun go mbeidh páistí rannpháirteach sa phlé seo. Tá leaganacha Gaeilge agus Braille den doiciméad seo ann agus tá an doiciméad le fáil ar téip agus i bhformáid leictreonach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Caithfidh freagraí oifig an Choimisiúin a shroicheadh tráth nach déanaí ná Dé Luain Bealtaine 17 2004.

Cén fáth a bhfuil an Coimisiún ag forbairt chód fógraíochta do pháistí?

Tá iallach ar an gCoimisiún, faoi bhun an Achta Chraolacháin 2001, raon de chóid a ullmhú, cód fógraíochta do pháistí ina measc.

Is iad príomhchuspóirí an chóid fhógraíochta do pháistí ná:

- Páistí a chosaint ar fhógráin mhí-oiriúnacha agus ar fhógráin dhochracha.
- A dhéanamh cinnte go léiríonn fógráin do pháistí tuiscint ar leochaileacht pháistí agus nach dtagann siad i dtír ar an leochaileacht sin.
- Chun a chinntiú go mbíonn fógráin do pháistí ceart cothrom agus go léiríonn siad an táirge nó an tseirbhís ar bhealach ar féidir le páistí tátal a bhaint as gan dua agus nach spreagann dóchas míréalaíoch maidir le hacmhainní nó tréithe an táirge nó na seirbhíse atá á fhógairt.
- Treoirlínte soiléire a chur ar fáil do chraoltóirí, d'fhógróirí, do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do pháistí maidir leis na caighdeáin ar féidir a bheith ag súil leo maidir le fógráin do pháistí ar sheirbhísí craoltóireachta.

Cuireann an Coimisiún i gcuimhne do léitheoirí nach mbaineann an cód fógraíochta do pháistí ach leis na meáin chraolta amháin. Is ionann sin agus a rá nach mbeidh feidhm ag an gcód deiridh le fógráin a fhoilsítear sna meáin chlóite nó sna meáin eile. Beidh feidhm leis an gcód seo i leith craoltóirí i ndlínse Phoblacht Éireann.

2 An Dréachtchód Fógraíochta do Pháistí

Dréachtchód Fógraíochta do Pháistí Choimisiún Craolacháin Éireann

Réamhrá

I measc fhorálacha Alt 19(c) den Acht Craoltóireachta, 2001, tá an méid seo a leanas:

'The Commission shall, upon being directed by the Minister to do so and in accordance with the provisions of this section, prepare – a code specifying standards to be complied with, and rules and practices to be observed, in respect of advertising, teleshopping material, sponsorship and other forms of commercial promotion employed in any broadcasting service or sound broadcasting service, being advertised and other activities as aforesaid which relate to matters likely to be of direct or indirect interest to children.

Tá sé i gceist an Cód Fógraíochta do Pháistí a chur in áit alt 14 den doiciméad dar teideal *Codes of standards, practice and prohibitions in advertising, sponsorship and other forms of commercial promotion in broadcasting services* a réitigh an tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta le linn dó a bheith ag feidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó faoi bhun Alt 4(1) den Acht Craolacháin, 1985.

1. Sainmhínithe

(a) Is ionann 'páiste' agus aon duine faoi bhun 18 bliain d'aois.

Chomh maith leis sin, aithníonn an Cód Fógraíochta do Pháistí go dteastaíonn leibhéil éagsúla chosanta ó pháistí d'aoiseanna éagsúla, go háirithe páistí atá an-óg ar fad agus páistí os cionn cúig bliana déag. Tagairt do pháistí 5 bliana d'aois nó faoi bhun na haoise sin is ea gach tagairt do pháistí réamhscoile sa chód seo. Tagairt do pháistí faoi bhun 10 bliain d'aois is ea gach tagairt do pháistí óga.

(b) Is ionann 'fógráin do pháistí' agus fógraíocht a chuireann táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí chun cinn a mheastar a bheith ina n-ábhair spéise ag páistí go sonrach agus/nó fógraíocht a chraoltar idir cláir do pháistí agus lena linn.

(c) Is ionann 'cláir do pháistí' agus cláir a dtugtar an t-ainm sin orthu de ghnáth nó a bhfuil níos mó ná 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois.

(d) Is ionann 'an cód' agus an Cód Fógraíochta do Pháistí le Coimisiún Craolacháin na hÉireann agus is mar sin a dtagrófar dó as seo amach.

2. Dlínse

Beidh feidhm leis an gcód seo i leith craoltóirí i ndlínse Phoblacht Éireann, nó craoltóirí a úsáideann minicíocht nó acmhainn satailíte nó uas-nasc atá lonnaithe i bPoblacht Éireann. I dtéarmaí praiticiúla, beidh feidhm ag an gcód fógraíochta do pháistí i leith sheirbhísí teilifíse agus raidió RTÉ agus TG4, i leith sheirbhísí teilifíse agus raidió a cheadúnaítear faoi bhun an Achta um Raidió agus Teilifíse 1998 (lena n-áirítear TV3 agus Today FM), chomh maith le seirbhísí a cheadúnaíonn Coimisiún Craolacháin Éireann faoi bhun an Achta Chraolacháin 2001.

Ní bheidh feidhm ag an gcód fógraíochta do pháistí i leith seirbhísí eile atá le fáil go forleathan sa tír seo.

1. Luachanna Sóisialta

1.1 Léireodh an fhógraíocht do pháistí raon de luachanna atá ag teacht le caighdeáin mhorálta agus eiticiúla agus le héagsúlacht shochaí chomhaimseartha na hÉireann. Ní dhéanfaidh aon fhógrán dínit aon duine a dhíspeagadh, ná leithcheal a dhéanamh ó thaobh inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine nó bainteacht leis an Lucht Siúil. Ná ní bheidh aon fhográn maslach do dhearcadh reiligiúnach nó polaitiúil ná ní spreagfaidh iompar a bheadh dochrach don timpeallacht. Beidh meas ag fógróirí ar phrionsabal an chomhionannais idir fir agus mná, gan steiréitíopaí gnéis a chruthú ná teacht i dtír nó díspeagadh a dhéanamh ar fhir nó ar mhná.

2. Easpa Taithí agus Saontacht

2.1 Ní ligfear d'fhógráin do pháistí teacht i dtír ar shaontacht nádúrtha nó ar dhílseacht na bpáistí. Ní ceadmhach d'fhógróirí, trí leid, trí fhaillí, trí dhébhríocht nó trí mhaíomh áibhéalach, míthreoir ná dallamullóg a chur ar pháistí, mí-úsáid a bhaint as an muinín a chuireann páistí iontu ná as an eolas atá acu féin ar pháistí. Ní ceadmhach d'fhógróirí teacht i dtír ar eagla ná ar fhaitíos na bpáistí, gan údar fónta a bheith leis. Tugtar éifeacht phraiticiúil do na prionsbail seo faoi bhun na gceannteideal Léiriú Fíriciúil agus Praghas an Táirge.

2.2 Léiriú Fíriciúil

Déanfaidh fógráin do pháistí na rudaí seo a leanas go sonrach:

2.2.1 Méid réalaíoch an táirge a léiriú do na páistí.

2.2.2 A léiriú go soiléir cad iad na páirteanna, píosaí nó gabhálais ar cuid den bhuntáirge iad agus cad iad na rudaí a gcaithfear iad a cheannach ar chostas breise.

2.2.3 Má theastaíonn batairí le haghaidh an táirge a oibriú, an méid sin a léiriú go soiléir agus a chur in iúl cé acu a chuirtear ar fáil leis an táirge iad nó nach gcuirtear.

2.2.4 Má tá an táirge le cóimeáil, an méid sin a léiriú go soiléir agus a chur in iúl cén leibhéal aoise a theastaíonn de ghnáth chun an táirge a chóimeáil agus a úsáid.

2.2.5 Gan aon fhriotal, cleasanna físe nó radhairc shamhalta a úsáid a d'fhéadfadh meascán mearaí a chur ar pháistí réamhscoile agus ar pháistí óga[1] nó a thabharfadh orthu smaoineamh go bhfuil acmhainní nó tréithe ag baint le táirge nó le seirbhís nach ann dóibh dáiríre, m.sh. 'draíochta'

2.2.6 Maidir le bréagáin nó earraí do pháistí[2], gan comparáid dhíreach a dhéanamh idir leaganacha den táirge atá ann cheana agus leaganacha/samhlacha 'feabhsaithe' den táirge, fiú má tá bunús maith lena leithéid a mhaíomh.

2.2.7 A dhéanamh cinnte go bhfuil an 'cló beag' a bhaineann le fógráin do pháistí soiléir, simplí soléite agus go bhfanann sé ar an scáileán fada go leor chun go léifidh an páiste é. Maidir le fógráin ar son táirgí nó seirbhísí do pháistí réamhscoile, ba chóir cibé teachtaireacht a bheadh ar an scáileán a rá os ard le cinntiú go dtuigeann páistí san aoisghrúpa seo í.

2.3 Praghas an Táirge/na Seirbhíse

Maidir le conas a léirítear praghas an táirge nó na seirbhíse i bhfógráin do pháistí, beidh na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:

2.3.1 I gcás go luaitear praghas, is é an praghas euro a luafar, Cáin Bhreisluacha agus aon táillí breise nó gaolmhara san áireamh.

1 Is ionann 'páistí óga' agus páistí faoi bhun 8 bliain d'aois.
2 Is táirgí iad seo a bheadh i seilbh daoine faoi bhun 18 bliain d'aois.

2.3.2 Taispeánfar an praghas i gcló mór soiléir agus, i gcásanna cuí, déarfar amach os ard é.

2.3.3 Má tá an praghas ag brath ar earra eile a cheannach, caithfidh an méid sin a chur in iúl go soiléir san fhógrán.

2.3.4 Má tá roinnt earraí éagsúla le feiceáil san fhógrán, agus má tharraingtear aird ar an bpraghas atá ar earra/earraí ar leith, caithfidh a chur in iúl go soiléir gur don earra/earraí sin amháin atá an praghas ag tagairt.

2.3.5 Ní ceadmhach friotal a úsáid a dhéanann beag de phraghas an táirge, m.sh. focail ar nós 'X € amháin' nó 'gan ach X €'. Ní thabharfaidh an fógrán le fios go bhfuil sé d'acmhainn ag gach teaghlach an táirge a cheannach.

2.3.6 Maidir le bréagáin chostasacha, luafar a bpraghas san fhógrán. Don ásc seo, sainmhínítear 'costasach' mar aon phraghas iomlán os cionn €30 ar son an táirge nó na seirbhíse atá le fógairt.

2.3.7 Ní ceadmhach 'bronntanais saor in aisce' do pháistí a lua i bhfógrán do pháistí gan na coinníollacha cáilithe a lua freisin, m.sh. teorainn ama, cá mhéad táirgí a chaithfidh a cheannach, cá mhéad scaoilteog a chaithfidh a bhailiú agus araile.

3. Brú Mí-oiriúnach

3.1 Ní bheidh aon achainí dhíreach in aon fhógrán do pháistí ag tathaint ar pháistí iarraidh ar dhaoine fásta na táirgí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach dóibh.

3.2 Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí a thabhairt le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos fearr ná daoine eile, go fisiceach, go sóisialta ná go síceolaíoch, toisc táirge nó seirbhís a bheith ina seilbh nó á úsáid acu. Ná ní ceadmhach a thabhairt le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos suaraí ná daoine eile, nó go mbeifear ag magadh orthu nó ag déanamh beag díobh toisc nach bhfuil táirge nó seirbhís áirithe acu.

3.3 Caithfidh fógráin do pháistí iarracht ar leith a dhéanamh gan a thabhairt le fios go gcabhródh táirge nó seirbhís ar bith le páiste chun cairde a dhéanamh nó gean na ndaoine a tharraingt air/uirthi féin.

3.4 Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí aon pháiste a dhéanamh imníoch faoina fhiúntas féin, faoina dhílseacht ná faoina íomhá phearsanta.

3.5 Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí duaiseanna ná bronntanais a thairiscint do pháistí as ucht tuilleadh custaiméirí a mhealladh chun an táirge nó an tseirbhís a cheannach.

4. Cosaint ar leith do Pháistí i gCúrsaí Fógraíochta.

Tríd is tríd, ní ligfear do pháistí páirt a ghlacadh i bhfógráin do pháistí ach amháin i gcás gur cuid nádúrtha de thimpeallacht an fhógráin iad nó go bhfuil siad riachtanach chun úsáid an táirge nó na seirbhíse a mhíniú nó a léiriú. Beidh na srianta seo a leanas i bhfeidhm:

4.1 Táirgí á Moladh ag Páistí

Ní úsáidfear páistí i bhfógráin do pháistí chun cur síos ar tháirgí nó chun táirgí a mholadh ach amháin i gcás go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go n-úsáidfeadh na páistí féin na táirgí nó go mbeadh spéis acu iontu.

4.2 Páistí a Léiriú ar Shlí Ghnéasach

Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí aon pháiste a léiriú ar shlí ghnéasach nó aon imní a chur ar pháistí mar gheall ar a gcuma nó a gcorp féin.

4.3 Príobháideachas agus Soláthar Eolais

Oiread agus is féidir é, ní iarrfaidh fógróirí ar pháistí eolas pearsanta a sholáthar fúthu féin, faoina dteaghlach nó faoina gcairde. I gcás go n-iarrann fógrán do pháistí ar pháistí a leithéid d'eolas a sholáthar, cuirfear in iúl go gcaithfidh an páiste cead a fháil ó dhaoine fásta sula seachadaítear an t-eolas. Caithfidh fógróirí a dhéanamh cinnte go lorgaíonn na páistí cead óna dtuismitheoirí/caomhnóirí.

I gcás go dtugtar a leithéid d'eolas, caithfear an-chúram a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta faoi lánchosaint agus go n-úsáidtear iad ar shlí atá freagrach ó thaobh na sochaí de agus a chloíonn le gach reachtaíocht ábhartha.

4.4 Daoine Fásta ag Ligean Orthu gur Páistí Iad

Maidir le daoine fásta a bheadh le feiceáil i bhfógráin do pháistí ag ligean orthu féin gur páistí iad, ní ceadmhach aon mhasla ná díspeagadh a dhéanamh ar dhínit pháistí.

5. Sábháilteacht Ghinearálta

5.1 Gniomhaíocht

5.1.1 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí páistí a spreagadh chun iad féin a chur i mbaol, ná dul isteach in áiteanna nach bhfuil eolas acu orthu ná labhairt le strainséirí.

5.1.2 I bhfógráin do pháistí, ní thaispeánfar páistí i ndálaí a bhfuil contúirt mhorálta nó fhisiceach ag baint leo, ná páistí á n-iompar féin ar shlí chontúirteach sa bhaile nó lasmuigh, ach amháin más é cuspóir an fhógráin an tsábháilteacht a chur chun cinn.

5.1.3 I bhfógráin do pháistí, taispeánfar páistí ag baint úsáide as trealamh sábháilteachta agus ag cloí le gach riail sábháilteachta a bhaineann le hábhar le linn dóibh a bheith i mbun gníomhaíochtaí ina dteastaíonn a leithéid, sin nó go mbeidh daoine fásta ag faire orthu, más cuí, mar shampla le linn do pháistí a bheith ina bpaisinéirí i bhfeithiclí, nó le linn dóibh a bheith ag rothaíocht, ag lannrolláil, ag clársclátáil, ag snámh, ag marcaíocht ar chapall nó a bheith i mbun spóirt uisce.

5.1.4 I bhfógráin do pháistí, níor chóir páistí a thaispeáint in aice le substaintí contúirteacha nó ag baint úsáide as a leithéid, mar shampla cipíní, gairis ghais, peitreal, substaintí áirithe tí, ná cógais a bheith ina seilbh nó a bheith á ndáileadh acu gan mhaoirsiú daoine fásta.

5.1.5 Má thaispeántar tine oscailte san fhógrán, ba chóir garda tine a bheith le feiceáil go soiléir má tá páiste le feiceáil freisin.

5.1.6 I bhfógráin do pháistí, níor chóir páistí a thaispeáint in aice le trealamh contúirteach gan daoine fásta a bheith ag faire orthu.

5.1.7 I bhfógráin do pháistí, ní thaispeánfar páistí ag úsáid an Idirlín gan daoine fásta a bheith ag faire orthu.

5.1.8 Níor chóir páistí a léiriú ar shráid ina n-aonar ach amháin i gcás go bhfuil siad sean go leor chun a bheith freagrach as a sábháilteacht féin.

5.2 Iompar pearsanta

5.2.1 I bhfógráin do pháistí, níor chóir páistí a spreagadh chun páirt a ghlacadh, ná iad a tha speáint ag glac dh páirte, in iompar frithshóisialta, go háirithe bulaíocht nó magadh faoi pháistí eile nó páistí eile a chiapadh.

5.2.2 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí aon díspeagadh ar an oideachas ná a thabhairt le fios gur dea-thréithe iad iompar trodach nó saint.

6. Foréigean

6.1 Tríd is tríd, mar phrionsabal, ní bheidh foréigean ná radhairc a chuirfeadh as do pháistí á dtaispeáint i bhfógráin do pháistí. I gcás go bhfuil sé riachtanach radhairc fhoréigneacha a chur san fhógrán, toisc gur teachtaireacht sheirbhis phoiblí atá ann, nó chun úsáid an táirge a thaisp áint, ní mór d' hógróirí aird a bheith acu ar aoiseanna dóchúla na bpáistí a bheidh ag breathnú ar an teilifís agus an fógrán a sceidealú le haghaidh amanna oiriúnacha chun a chinntiú nach gcuireann a leithéid d'fhógrán as do dhaoine, go háirithe do pháistí óga.

7. Aiste Bia agus Cothú

7.1 I bhfógráin do pháistí, ní thaispeánfar ná ní thagrófar do dhaoine clúiteacha, do réaltaí spóirt ná do dhaoine atá ina laochra i measc páistí d'fhonn táirgí bia nó deochanna a mholadh, ach amháin má tá an fógrán mar chuid d'fheachtas sláinte nó oideachais.

7.2 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí stíl mhaireachtála mhífholláin nó nósanna itheacháin mhífholláine a spreagadh, mar shampla nósanna itheacháin atá míchuíosach nó éigníoch.

7.3 Má thaispeántar daoine ag ithe béile le chéie i bhfógrán do pháistí, ba chóir a léiriú go soiléir cén ról atá ag an táirge laistigh d'aiste chothrom bia.

7.4 Maidir le gach fógrán do pháistí ar son táirgí nó seirbhísí a bhaineann le milseogra, caithfear siombail de scuab fiacla a thaispeáint ar an scáileán. Mar shampla, cístí, brioscaí, milseáin agus seacláid.

7.5 Ní bheidh aon eolas míchruinn i bhfógráin do pháistí, ná aon eolas a chuirfeadh míthreoir ar dhaoine maidir le luach cothaitheach an táirge.

7.6 Maidir le gach fógrán do pháistí ar ar son táirgí, siopaí agus/nó brandaí mearbhia, caithfidh teachtaireacht fhuaime nó fhíse a chraoladh ag rá gur cheart an bia seo a ithe mar pháirt d'aiste chothrom bia agus nár cheart é a ithe go rómhinic. Is mar seo a shainmhínítear mearbhia: ia en chineál dt gtar an t-ainm sin de ghnáth agus/nó bia cócaráilte neamhchostasach a ullmhaítear agus a dháiltear go tapa.

7.7 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí aon chomparáid gan bhunús idir bianna nó a thabhairt le fios gur féidir bianna áirithe a chur in ionad torthaí agus/nó glasraí.

8. Dualgais Tuismitheoirí

8.1 Is ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí is mó atá dualgas as a gcuid páistí, ach ba chóir d'fhógróirí tacú leis an gcaidreamh idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus a gcuid páistí trí chláir agus fógráin a sceidealú in amanna oiriúnacha agus gan baint d'údarás, d'fhreagracht nó de bhreithiúnas na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí maidir le hábhar na bhfógrán. Clúdaíonn seo plotaí a spreagann páistí chun cluain nó dallamullóg a chur ar dhaoine fásta chun go gceannóidh nó go soláthróidh siad an táirge nó an tseirbhís san fhógrán. Ní thabharfaidh fógráin do pháistí le fios go bhfuil tuismitheoir nó duine fásta a cheannaíonn nó a hol thraíonn an tái ge nó an tseirbhís don pháiste, go bhfuil sé níos fearr, níos cliste nó níos flaithiúla ná duine nach gceannaíonn nó nach soláthraíonn.

9. Carachtair ó Chláir

9.1 Ní úsáidfear carachtair nó daoine ó chláir do pháistí a chraoltar ar na seirbhísí dúchasacha chun táirgí nó seirbhísí a mholadh nó a fhógairt i bhfógráin do pháistí. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le fógráin do pháistí ar son táirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár a mbíonn na carachtair nó na daoine le feiceáil de ghnáth.

Maidir le fógráin do pháistí ar son táirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár do pháistí, ní ceadmhach na fógráin seo a chraoladh ar feadh an dá uair an chloig roimh thús agus tar éis dheireadh cibé cláir a bheadh i gceist.

10. Toirimisc agus Srianta ar Tháirgí

10.1 Tá toirimisc agus srianta ar raon de tháirgí agus de sheirbhísí leagtha síos in *The Codes of standards, practice and prohibitions in advertising, sponsorship and other forms of commercial promotion in broadcasting services*. Ina measc seo tá cógais, alcól, tobac agus táirgí dlíthiúla. Tá feidhm leis na srianta seo i leith na fógraíochta do pháistí chomh maith.

Chomh maith leis na srianta agus na toirmisc a liostaítear sa doiciméad sin, ní fhógrófar na táirgí, seirbhísí, cóireálacha ná nóthaí seo a leanas i bhfógráin do pháistí:

10.2 Seirbhísí nó táirgí Geallchuir agus Cluichíochta (ach amháin an Crannchur Náisiúnta faoi mar a cheadaítear faoi bhun an Achta um Chrannchur Náisiúnta 1986)

10.3 Táirgí, seirbhísí, cóireálacha nó gnóthaí tanaithe (sainmhínítear 'tanú' mar seo: meachan a laghdú, a shrianadh nó a rialú)

10.4 Seirbhísí a chuireann daoine in aithne dá chéile nó a dhéanann coinní eatarthu

10.5 Seirbhísí de chineál gnéasach

11. Sainaithint agus Deighilt

11.1 Caithfidh deighilt shoiléir a bheith idir fógráin do pháistí agus ábhair chraolta eile maidir le híomhá, téacs agus fuaim. Ní ceadmhach píosaí ó chláir do pháistí a fhí isteach i bhfógráin ar shlí a bhféadfadh an deighilt idir fógráin agus ábhair chraolta eile a dhoiléiriú.

11.2 Beidh deighilt shoiléir idir fógráin do pháistí agus ábhair chraolta eile. Tá iallach ar chraoltóirí leid fhíse nó fhuaime a chraoladh le linn agus timpeall clár do pháistí chun a chur in iúl do pháistí go bhfuil sos fógraíochta ag teacht nó ag críochnú. Ní bheidh urraíocht ná ábhair fhógraíochta ar bith mar chuid d'aon leid den chineál sin.

12. Fógráin a Fhí Isteach

12.1 Ní ceadmhach fógráin a chraoladh le linn cláir do pháistí nach maireann níos faide ná 30 nóiméad, de réir sceidil.

12.2 Ní ceadmhach fógráin do pháistí le téama Nollag a chraoladh roimh Shamhain 1 gach bliain. Is é atá i gceist le fógráin le téama Nol ag á aon fhógr n iLa bhfuil tagairtí físe nó fuaime don Nollaig.

13. Fógráin do Pháistí a Sceidealú

13.1 Sainmhínítear clár do pháistí i gcomhthéacs phróifíl aoise na ndaoine a mbreathnaíonn air nó a n-éisteann leis. Mar sin de, is ionann 'clár do phá stí' agus clár r bith a dtugtar an t-ainm sin air de ghnáth agus/nó clár ar bith a bhfuil os cionn 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois. Aithníonn an cód prionsabal an dualgais tuismitheoirí. I dtéarmaí ginearálta, ní mheastar gur cláir do pháistí aon chlár a chraoltar i ndiaidh 10pm. Is ionann sin agus a rá nach clár do pháistí atá in aon chlár a sceidealaítear i gcomhair ama a oireann do dhaoine fásta go sonrach m.sh. i ndiaidh 10pm nó aon chlár a dtugtar rabhadh ina thaobh i.e. go bhfuil ábhar ann nach bhfuil

oiriúnach ach do dhaoine fásta. Tá sin amhlaidh fiú más léir ó phróifíliú an chláir go bhfuil os cionn 50% den lucht féachana faoi bhun 18 bliain, mar is ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na bpáistí atá an fhreagracht is mó maidir leis na rudaí a mbreathnaíonn na páistí orthu.

13.2 Bainfidh craoltóirí úsáid as próifíliú lucht féachana chun cláir do pháistí a rangú. Maidir le cláir a chraoltar thar thréimhse fhada, úsáidfidh craoltóirí meánfhigiúir a taifeadadh thar thréimhse réasúnta chun a chinntiú cé acu clár do pháistí atá ann nó nach ea.

13.3 Maidir le cláir aonuaire nó sraitheanna gearra, ní i gcónaí is féidir próifíl oisD an lucht féachana a thuar. I gcás mar sin, ba chóir do chraoltóirí tagairt do na treoirlínte sceidealaithe táscacha a imlínítear thíos. Is amanna táscanna iad seo a mhíníonn cad iad na hamanna is mó a mbíonn aoisghrúpaí éagsúla ag breathnú ar an teilifís. Le linn dóibh a bheith ag sceidealú fógrán do pháistí, agus ag measúnú oiriúnacht an fhógráin, caithfidh craoltóirí cinneadh a dhéanamh i bhfianaise aoisphróifíl an lucht féachana in aon am ar leith.

13.4 Is féidir, i dtosca eisceachtúla, go meallfaidh gnáthchláir nach rangaítear mar chláir do pháistí ar chor ar bith, lucht féachana a bhfuil os cionn 50% díobh ina bpáistí. Tá iallach ar chraoltóirí a bheith ar an airdeall faoin seans go dtarlódh sin, i gcomhthéacs scéalta nó cláir atá le teacht agus fógráin do pháistí a sceidealú dá réir.

13.5 Treoirlínte Sceidealaithe Táscacha

Is é cuspóir na dtreoirlínte seo ná creatlach tagartha a chur ar fáil d'fhógróirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

Le linn d'fhógráin do pháistí a bheith á sceidealú acu, déanfaidh craoltóirí a machnamh faoi oiriúnacht an fhógráin nó conas a d'fhéadfadh an fógrán cur as do pháistí, go háirithe páistí réamhscoile.

Déanfar fógráin do pháistí a sceidealú i bhfianaise oiriúnacht an fhógráin, ní amháin ó thaobh an fhógráin ann féin, ach ó thaobh a oiriúnachta i gcomhair an ama ina gcraoltar é, ag cuimhneamh ar an lucht féach na/éisteachta i dócha a bheith ann san am. Is é an príomh-mhodh a úsáidfear chun cinneadh ceart a dhéanamh faoi fhógráin do pháistí a sceidealú ná próifíliú lucht féachana/éisteachta.

I gcás nach féidir an modh sin a úsáid, tagróidh craoltóirí do na treoirlínte táscacha seo a leanas.

Má mheasann craoltóirí go bhfuil fógrán mí-oiriúnach do pháistí réamhscoile, níor chóir an f grá sin a chra lad le linn nó idir cláir do pháistí atá dírithe ar an aoisghrúpa sin.

Má mheasann craoltóirí go bhfuil fógrá do pháistí mí- iriúnach do pháistí 5–10 bliain d'aois, nó go bhféadfadh sé cur as dóibh, ba chóir an fógrán sin a chraoladh i ndiaidh 9pm. D'fhéadfaí, ar an gcaoi sin, a chinntiú nach bhfeiceann formhór na bpáistí san aoisghrúpa sin an fógrán.

Má mheasann craoltóirí go bhfuil ábhair de chineál gnéasach nó foréigneach i bhfógrán do pháiste nach bhfuil oiriúnach do pháistí faoi 15, ní mór dóibh a machnamh a dhéanamh i dtaobh an fógrán sin a sceidealú tar éis 11pm.

14. Measúnú

14.1 Déanfar gach fógrán agus gach sampla d'fhógraíocht do pháistí a mheas de réir a fhiúntais féin. Is ionann sin agus a rá go measfar gach fógrán de réir an ábhair atá ann agus an chomhthéacs ina bhfuil sé le craoladh. Is é atá i gceist ná an t-am craolta, an cineál cláir atá ar siúl nuair a chraoltar é agus aoisphróifíl dhóchúil an lucht féachana a bhíonn ag breathnú ar an teilifís nuair a chaoltar an fógrán.

Cén fáth ar cheapamar na rialacha seo

3

Is é cuspóir na nótaí seo ná míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht a bhain leis na rialacha sa dréachtchód fógraíochta do pháistí. Is é cuspóir an ailt seo ná treoir agus eolas cúlra a chur ar fáil maidir le smaointeoireacht an Choimisiúin i leith na moltaí sa dréachtchód. Tá na rialacha a mholtar anseo bunaithe ar an eolas, ar na haighneachtaí agus ar an d ospóireacht a b í ann go dtí seo maidir le forbairt an chóid. Sa mhéid agus gur dréachtchód é seo, agus gur féidir tuilleadh leasaithe a dhéanamh air, ní miste a rá gur féidir go n-athróidh smaointe an Choimisiúin de réir mar a leanann an próiseas comhairliúcháin ar aghaidh. Míníonn na nótaí na sainmhínithe a úsáidtear sa chód agus an ceantar dlínse ina mbeidh feidhm leis an dréachtchód.

Ní treoir dheifnídeach iad na nótaí seo maidir le léirmhíniú an chóid agus ní mhaítear gur cuntas cuimsitheach iad ar na réimsí a d'fhéadfaí a bheith á gclúdach ag an dréachtchód. Tá sé beartaithe nótaí treorach a eisiúint nuair a shocraítear an leagan deifnídeach den Chód Fógraíochta do Pháistí nó go luath ina dhiaidh sin. Tugtar na nótaí san alt seo i gcomhthéacs an phróisis chomhairliúcháin chun an réasúnaíocht a bhí leis na rialacha faoi gach ceannteideal a mhíniú. Tá cuntas iomlán ar an réasúnaíocht atá taobh thiar de na prionsabail agus na rialacha le fáil sa Ráiteas faoi Thorthaí Chéim a Dó den Phróiseas Comhairliúcháin. Tá an doiciméad sin le fáil ar *www.bci.ie*

1. Sainmhínithe

(a) *Is ionann 'páiste' agus aon duine faoi bhun 18 bliain d'aois.*

Chomh maith leis sin, aithníonn an Cód Fógraíochta do Pháistí go dteastaíonn leibhéil éagsúla chosanta ó pháistí d'aoiseanna éagsúla, go háirithe páistí atá an-óg ar fad agus páistí os cionn 15 bliain. Tagairt do pháistí 5 bliana d'aois nó faoi bhun na haoise sin is ea gach tagairt do pháistí réamhscoile sa chód seo. Tagairt do pháistí faoi bhun 10 bliain d'aois is ea gach tagairt do pháistí óga.

Is é cuspóir an chóid fhógraíochta do pháistí ná gach páiste agus duine óg a chosaint. De réir an tsainmhínithe a úsáideann sé, is ionann 'páiste' agus aon duine faoi bhun 18 bliain d'aois. Aithníonn an sainmhíniú seo go bhfuil difear idir an leibhéal cosanta a theastaíonn ó pháistí ó aois go chéile. Seans nach ionann an leibhéal cosanta a theastódh ó pháiste réamhscoile agus an leibhéal cosanta a theastódh ó dhéagóir, ag brath ar fhorbairt an pháiste agus ar chumas an pháiste maidir le fógraíocht a thuiscint agus a léirmhíniú. Go praiticiúil, maidir le fógráin do pháistí a mheas, measfar gach fógrán de réir a fhiúntais féin, de réir an aoisghrúpa ar a bhfuil sé dírithe, agus de réir a oiriúnachta don lucht féachana/éisteachta dóchúil a bheidh ann san am a gcraoltar é. Seans nach mbeadh sé cuí fógrán áirithe a chraoladh le linn cláir do pháistí óga, ach go mbeadh sé inghlactha an fógrán céanna a chraoladh le linn cláir do dhaoine óga os cionn 15 bliain d'aois. Sainmhínítear 'páiste' mar aon duine faoi bhun 18 bliain d'aois mar, cé gurb é cuspóir an chóid gach páiste agus gach duine óg a chosaint, tuigtear nach grúpa aonchineálach iad páistí agus daoine óga.

(b) *Is ionann 'fógráin do pháistí' agus fógraíocht a chuireann táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí chun cinn a mheastar a bheith ina n-ábhair spéise ag páistí go sonrach agus/nó fógraíocht a chraoltar idir cláir do pháistí agus lena linn.*

Ós cód fógraíochta do pháistí é seo, tá sé tábhachtach ciall an téarma 'fógraíocht do pháistí' a shainmhíniú. Shainmhíníomar fógraíocht do pháistí i gcomhthéacs an táirge nó na seirbhíse atá á fhógairt agus i gcomhthéacs an chláir a gcraoltar an fógrán lena linn nó ina thimpeall. Má thaispeánann an fógrán táirge nó seirbhís a mbíonn spéis ag páistí ann, is é sin rud éigin ba mhaith leo a bheith acu nó a úsáid, is amhlaidh gur fógrán do pháistí é. Chomh maith leis sin, má chraoltar an fógrán le linn cláir do pháistí, bíodh is nach do pháistí an táirge nó an tseirbhís atá á fhógairt, rangaítear mar fhógrán do pháistí é ar aon chaoi.

(c) *Is ionann 'cláir do pháistí' agus cláir a dtugtar an t-ainm sin orthu de ghnáth nó a bhfuil níos mó ná 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois.*

Tá sé tábhachtach 'clár do pháistí' a shainmhíniú mar rangaítear gach fógrán a gcraoltar lena linn mar fhógráin do pháistí. Tá ár sainmhíniú ar cad is clár do pháistí ann níos leithne ná cláir atá dírithe ar pháistí. Tuigtear go bhfuil cláir ann a mbíonn idir pháistí agus dhaoine fásta ag breathnú orthu. Iarracht is ea an sainmhíniú seo le nósanna féachana na bpáistí mar atá siad dáiríre a léiriú. Tuigtear go bhfuil cláir ann a dtugtar cláir do pháistí orthu agus ar furasta iad a aithint ach go bhfuil cláir eile ann a mbíonn cuid mhór páistí ag breathnú orthu cé nach ar pháistí go sonrach atá siad íriDhe. Má léi íon na figiúirí féachana don chlár gur daoine aoi bhun 18 bli in d'aois is ea breis agus leath na ndaoine a mbreathnaíonn air, is amhlaidh gur clár do pháistí é de réir an tsainmhínithe seo. Beidh gach fógrán a chraoltar le linn na gclár seo á rialú ag an gcód fógraíochta do pháistí. Míneofar níos faide anonn sa doiciméad seo conas a bhailítear na figiúirí seo.

Caithfear an sainmhíniú seo a mheas i bhfianaise phrionsabal an dualgais tuismitheoirí. Tríd is tríd, ní mheastar gur cláir do pháistí iad cláir a chraoltar i ndiaidh 10pm.

2. Dlínse

Beidh feidhm leis an gcód seo i leith craoltóirí i ndlínse Phoblacht Éireann, nó craoltóirí a úsáideann minicíocht nó acmhainn satailíte nó uas-nasc atá lonnaithe i bPoblacht Éireann. I dtéarmaí praiticiúla, beidh feidhm ag an gcód fógraíochta do pháistí i leith sheirbhísí teilifíse agus raidió RTÉ agus TG4, i leith sheirbhísí teilifíse agus raidió a cheadúnaítear faoi bhun an Achta um Raidió agus Teilifíse 1998 (lena n-áirítear TV3 agus Today FM), chomh maith le seirbhísí a cheadúnaíonn Coimisiún Craolacháin Éireann faoi bhun an Achta Chraolacháin 2001.

Ní bheidh feidhm ag an gcód fógraíochta do pháistí i leith seirbhísí eile atá le fáil go forleathan sa tír seo

Beidh feidhm ag an gcód fógraíochta do pháistí i leith craoltóirí atá faoi dhlínse Phoblacht Éireann. Tá sin amhlaidh mar gheall ar phrionsbal na 'tíre táirgthe' laistigh den Treoirlíne Television Without Frontiers, atá ina cuid bharrtháibhachtach den reachtaíocht Eorpach a rialaíonn seirbhísí craoltóireachta ar fud na hEorpa. De réir an phrionsabail seo, caithfidh stáisiúin teilifíse cloí leis na rialacha atá i bhfeidhm sa tír ina gceadúnaítear iad, nó, lena rá ar shlí eile, 'na tíortha táirgthe.' Beidh feidhm ag cód fógraíochta do pháistí an Choimisiúin i leith sheirbhísí teilifíse agus raidió RTÉ agus TG4, i leith sheirbhísí teilifíse agus raidió a cheadúnaítear faoi bhun an Achta um Raidió agus Teilifís 1998 (lena n-áirítear TV3 agus Today FM), chomh maith le seirbhísí a cheadúnaíonn Coimisiún Craolacháin Éireann faoi bhun an Achta Chraolacháin 2001. Ní bheidh feidhm ag an gcód i leith seirbhísí eile atá le fáil go forleathan sa tír seo, mar shampla seirbhísí ITV nó BSkyB. Bíonn fógraíocht ar na seirbhísí sin á rialú ag an Treoir úd Television without Frontiers agus ag cibé cóid nó rialacháin atá leagtha síos sa tír ina gceadúnaítear na seirbhísí sin.

1. Luachanna Sóisialta

1.1 Léireodh an fhógraíocht do pháistí raon de luachanna atá ag teacht le caighdeáin mhorálta agus eiticiúla agus le héagsúlacht shochaí chomhaimseartha na hÉireann. Ní dhéanfaidh aon fhógrán fógraíocht dínit aon duine a dhíspeagadh, ná leithcheal a dhéanamh ó thaobh inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine nó bainteacht leis an Lucht Siúil. Ná ní bheidh aon fhográn maslach do dhearcadh reiligiúnach nó polaitiúil ná ní spreagfaidh iompar a bheadh dochrach don timpeallacht. Beidh meas ag fógróirí ar phrionsabal an chomhionannais idir fir agus mná, gan steiréitíopaí gnéis a chruthú ná teacht i dtír nó díspeagadh a dhéanamh ar fhir nó ar mhná

Ceapadh riail mar gheall ar luachanna sóisialta i bhfianaise na dtuairimí a nochtadh le linn an dara próiseas comhairliúcháin. Is é cuspóir na rialach ná a chinntiú nach léiríonn fógráin do pháistí aon luachanna sóisialta ná cineálacha iompair atá contrártha dóibh sin a mheastar a bheith iomchuí i sochaí chomaimseartha na hÉireann. Ba chóir cineálacha iompair a thaispeáint a bheadh inghlactha, den chuid is mó, dá mbeadh an páiste le haithris orthu. Níl sé inghlactha meon nó iompar frithshóisialta a thaispeáint i bhfógráin do pháistí, ach amháin sa chás gurb é an t-aon chuspóir amháin atá ag an bhfógrán ná léiriú go bhfuil na cineálacha seo iompair mícheart. Seans, mar shampla, go léireofaí bulaíocht le linn feachtais i gcoinne na bulaíochta, chun a mhíniú cén fáth a bhfuil sí mícheart. Fuarthas na luachanna a liostaítear san alt seo ó reachtaíocht chomhionannais na hÉireann agus ó na luachanna a luaitear sa treoirlíne Television Without Frontiers agus sa chód fógraíochta reatha atá á fheidhmiú ag Údarás na gCaighdeán Fógraíochta in Éirinn.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

2. Easpa Taithí agus Saontacht

2.1 Ní ligfear d'fhógráin do pháistí teacht i dtír ar shaontacht nádúrtha nó ar dhílseacht na bpáistí. Ní ceadmhach d'fhógróirí, trí leid, trí fhaillí, trí dhébhríocht nó trí mhaíomh áibhéalach, míthreoir ná dallamullóg a chur ar pháistí, mí-úsáid a bhaint as an muinín a chuireann páistí iontu ná as an eolas atá acu féin ar pháistí. Ní ceadmhach d'fhógróirí teacht i dtír ar eagla ná ar fhaitíos na bpáistí, gan údar fónta a bheith leis. Tugtar éifeacht phraiticiúil do na prionsbail seo faoi bhun na gceannteideal Léiriú Fíriciúil agus Praghas an Táirge.

2.2 Léiriú Fíriciúil

Déanfaidh fógráin do pháistí na rudaí seo a leanas go sonrach:

2.2.1 Méid réalaíoch an táirge a léiriú do na páistí.

2.2.2 A léiriú go soiléir cad iad na páirteanna, píosaí nó gabhálais ar cuid den bhuntáirge iad agus cad iad na rudaí a gcaithfear iad a cheannach ar chostas breise.

2.2.3 Má theastaíonn batairí le haghaidh an táirge a oibriú, an méid sin a léiriú go soiléir agus a chur in iúl cé acu a chuirtear ar fáil leis an táirge iad nó nach gcuirtear.

2.2.4 Má tá an táirge le cóimeáil, an méid sin a léiriú go soiléir agus a chur in iúl cén leibhéal aoise a theastaíonn de ghnáth chun an táirge a chóimeáil agus a úsáid.

2.2.5 Gan aon fhriotal, cleasanna físe nó radhairc shamhalta a úsáid a d'fhéadfadh meascán mearaí a chur ar pháistí réamhscoile agus ar pháistí óga[3] nó a thabharfadh orthu smaoineamh go bhfuil acmhainní nó tréithe ag baint le táirge nó le seirbhís nach ann dóibh dáiríre, m.sh. 'draíochta'.

3 Is ionann 'páistí óga' agus páistí faoi bhun 8 bliain d'aois.

2.2.6 Maidir le bréagáin nó earraí do pháistí[4], gan comparáid dhíreach a dhéanamh idir leaganacha den táirge atá ann cheana agus leaganacha/ samhlacha 'feabhsaithe' den táirge, fiú má tá bunús maith lena leithéid a mhaíomh.

2.2.7 A dhéanamh cinnte go bhfuil an 'cló beag' a bhaineann le fógráin do pháistí soiléir, simplí soléite agus go bhfanann sé ar an scáileán fada go leor chun go léifidh an páiste é. Maidir le fógráin ar son táirgí nó seirbhísí do pháistí réamhscoile, ba chóir cibé teachtaireacht a bheadh ar an scáileán a rá os ard le cinntiú go dtuigeann páistí san aoisghrúpa seo í

2.3 Praghas an Táirge/na Seirbhíse

Maidir le conas a léirítear praghas an táirge nó na seirbhíse i bhfógráin do pháistí, beidh na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:

2.3.1 I gcás go luaitear praghas, is é an praghas euro a luafar, Cáin Bhreisluacha agus aon táillí breise nó gaolmhara san áireamh.

2.3.2. Taispeánfar an praghas i gcló mór soiléir agus, i gcásanna cuí, déarfar amach os ard é.

2.3.3 Má tá an praghas ag brath ar earra eile a cheannach, caithfidh an méid sin a chur in iúl go soiléir san fhógrán.

2.3.4 Má tá roinnt earraí éagsúla le feiceáil san fhógrán, agus má tharraingtear aird ar an bpraghas atá ar earra/earraí ar leith, caithfidh a chur in iúl go soiléir gur don earra/earraí sin amháin atá an praghas ag tagairt.

2.3.5 Ní ceadmhach friotal a úsáid a dhéanann beag de phraghas an táirge, m.sh. focail ar nós 'X € amháin' nó 'gan ach X €'. Ní thabharfaidh an fógrán le fios go bhfuil sé d'acmhainn ag gach teaghlach an táirge a cheannach.

2.3.6 Maidir le bréagáin chostasacha, luafar a bpraghas san fhógrán. Don ásc seo, sainmhínítear 'costasach' mar aon phraghas iomlán os cionn €30 ar son an táirge nó na seirbhíse atá le fógairt

2.3.7 Ní ceadmhach 'bronntanais saor in aisce' do pháistí a lua i bhfógrán do pháistí gan na coinníollacha cáilithe a lua freisin, m.sh. teorainn ama, cá mhéad táirgí a chaithfidh a cheannach, cá mhéad scaoilteog a chaithfidh a bhailiú agus araile.

Is é cuspóir na rialacha faoin gceannteideal seo ná féachaint chuige nach mbíonn fógráin do pháistí ag teacht i dtír ar pháistí agus nach gcuirtear míthreoir ar pháistí faoin táirge nó faoin tseirbhís atá á chur ina láthair san fhógrán. Ní i gcónaí gur d'aon turas a thugtar a leithéid de mhíthreoir, ach go dtarlaíonn sé de bharr easpa machnaimh ar an gcumas atá ag páistí d'aoiseanna éagsúla maidir le fógráin a léirmhíniú agus a thuiscint. Chomh maith leis sin, tá sé de chuspóir ag na rialacha féachaint chuige go léiríonn fógráin do pháistí na fíricí i dtaobh an táirge nó na seirbhíse ar shlí a dtuigeann na páistí, mar shampla na rudaí a dhéanann an táirge, cad iad na rudaí a chuirtear ar fáil leis an táirge, praghas an táirge. Díríonn na rialacha seo ar chúrsaí friotail, ar an leas a bhaintear as cleasanna físe agus ar an gcaoi ina gcuirtear teachtaireachtaí 'cló beag' i láthair páistí. Ceapadh na rialacha seo i bhfianaise chomhairle na bpáistí. Fuarthas an-chuid freagraí ó pháistí agus ó dhaoine óga de thoradh an phróisis chomhairliúcháin agus dar leo, óna dtaithí féin, go dteastaíonn rialacha chun a chinntiú go dtugtar an t-eolas ábhartha do pháistí ar shlí a dtuigeann siad. Is é bun agus barr na rialacha seo gur chóir go mbeadh páistí in ann cinntí láneolacha a dhéanamh agus gan díomá a bheith orthu nuair a fhaigheann siad cibé táirge a bheadh i gceist.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

4 Is táirgí iad seo a bheadh i seilbh daoine faoi bhun 18 bliain d'aois.

3. Brú Mí-oiriúnach

3.1 Ní bheidh aon achainí dhíreach in aon fhógrán do pháistí ag tathaint ar pháistí iarraidh ar dhaoine fásta na táirgí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach dóibh.

3.2 Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí a thabhairt le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos fearr ná daoine eile, go fisiceach, go sóisialta ná go síceolaíoch, toisc táirge nó seirbhís a bheith ina seilbh nó á úsáid acu. Ná ní ceadmhach a thabhairt le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos suaraí ná daoine eile, nó go mbeifear ag magadh orthu nó ag déanamh beag díobh toisc nach bhfuil táirge nó seirbhís áirithe acu.

3.3 Caithfidh fógráin do pháistí iarracht ar leith a dhéanamh gan a thabhairt le fios go gcabhródh táirge nó seirbhís ar bith le páiste chun cairde a dhéanamh nó gean na ndaoine a tharraingt air/uirthi féin.

3.4 Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí aon pháiste a dhéanamh imníoch faoina fhiúntas féin, faoina dhílseacht ná faoina íomhá phearsanta

3.5 Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí duaiseanna ná bronntanais a thairiscint do pháistí as ucht tuilleadh custaiméirí a mhealladh chun an táirge nó an tseirbhís a cheannach.

Is é cuspóir na rialacha faoin gceannteideal seo féachaint chuige nach gcuirtear páistí faoi bhrú míchuí chun táirge nó seirbhís a fháil i ndiaidh dóibh é a fheiceáil i bhfógráin do pháistí. Ní leigheas iomlán iad na rialacha seo ar an rud a dtugtar 'crá agus ciapadh' air de ghnáth. Beidh páistí fós ag lorg cuid mhór de na rudaí a fheiceann siad i bhfógráin do pháistí. Aithníonn an cód go bhfuil rudaí eile ann a mbíonn tionchar acu ar pháistí agus a spreagann iad chun daoine 'a chrá', mar shampla a gcairde, a ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha, go bhfuil agus cineálacha eile fógraíochta ann seachas an fhógraíocht chraolta.

Díríonn na rialacha seo ar chosc a chur ar fhógráin a thagann i dtír ar eagla nó ar anbhuain na bpáistí, nó ar an bhfonn a bhíonn ar pháistí gean na ndaoine a bheith orthu. Aon fhógrán a thagann i dtír ar pháistí mar sin, is amhlaidh a chuireann sé faoi bhrú míchuí iad an táirge nó an tseirbhís a fháil. Cé go bhfuil sé ceadmhach an táirge a léiriú mar rud mealltach i bhfógráin do pháistí, ní ceadmhach é a léiriú ar shlí a dtugann le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos fearr ach é a bheith acu.

De réir na rialacha seo, ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí a thabhairt le fios go mbeadh an páiste nó an teaghlach níos fearr ná daoine eile, go fisiceach, go sóisialta ná go síceolaíoch, toisc táirge a bheith ina seilbh, nó go mbeifear ag magadh fúthu nó faoin teaghlach mura bhfuil an táirge acu. Mar shampla, ba chóir d'fhógróirí cúram ar leith a dhéanamh gan a thabhairt le fios go mbeadh níos mó cairde ag páistí nó go mbeidís níos fearr as go sóisialta toisc táirge a bheith acu.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

4. Cosaint ar leith do Pháistí i gCúrsaí Fógraíochta.

Tríd is tríd, ní ligfear do pháistí páirt a ghlacadh i bhfógráin do pháistí ach amháin i gcás gur cuid nádúrtha de thimpeallacht an fhógráin iad nó go bhfuil siad riachtanach chun úsáid an táirge nó na seirbhíse a mhíniú nó a léiriú. Beidh na srianta seo a leanas i bhfeidhm:

4.1 Táirgí á Moladh ag Páistí

Ní úsáidfear páistí i bhfógráin do pháistí chun cur síos ar tháirgí nó chun táirgí a mholadh ach amháin i gcás go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go n-úsáidfeadh na páistí féin na táirgí nó go mbeadh spéis acu iontu.

Úsáidtear páistí i bhfógráin chun raon leathan de tháirgí agus de sheirbhísí a mholadh. I gcásanna áirithe, is iadsan a bhíonn ag úsáid an táirge. I gcásanna eile níl ann ach gur cuid de chúlra an fhógráin iad. Ní choscann na rialacha faoin gceannteideal seo páistí ó tháirgí a mholadh ná ó pháirt a ghlacadh i bhfógráin do pháistí. Ceadaíonn na rialacha seo do pháistí páirt a ghlacadh i bhfógráin do pháistí más cuid de chúlra nádúrtha an fhógráin iad nó má theastaíonn páiste chun úsáid an táirge a thaispeáint. Gné shonrach eile de na rialacha seo nár cheart páistí a úsáid i bhfógráin do pháistí chun trácht ar tháirgí nó ar sheirbhísí nó chun iad a mholadh, ach amháin i gcás go mbainfidís féin úsáid as an táirge nó an tseirbhís nó go mbeadh spéis acu féin iontu. Is ionann sin agus a rá gur féidir le páiste páirt a ghlacadh i bhfógrán do chuideachta árachais, toisc go bhfuil radharc teaghlaigh mar pháirt den fhógrán, ach nach ceadmhach páiste a úsáid chun an chuideachta árachais sin a mholadh, mar níl an t-árchas ina tháirge ná ina sheirbhís a mbaineann páistí úsáid as nó a gcuireann siad spéis ann. Mar an gcéanna, seans go mbeadh sé riachtanach páiste a thaispeáint i bhfógrán i gcomhair shuíochán gluaisteáin chun a léiriú conas a oibríonn an suíochán. Arís eile, ní bheadh cead ag an bpáiste aon trácht a dhéanamh ar an táirge. Is féidir páiste a úsáid chun trácht ar tháirgí nó ar sheirbhísí a d'úsáidfeadh sé/sí féin, mar shampla leabhar, bréagán nó campa samhraidh.

4.2 Páistí a léiriú ar shlí ghnéasach

Ní ceadmhach d'fhógráin do pháistí aon pháiste a léiriú ar shlí ghnéasach nó aon imní a chur ar pháistí mar gheall ar a gcuma nó a gcorp féin.

Fuarthas an-chuid freagraí faoin gceist seo le linn Chéim 2 den Phróiseas Comhairliúcháin. Chuir daoine a n-imní in iúl faoin méadú, dar leo, a bhí tagtha ar líon na bhfógrán do pháistí a léiríonn páistí agus daoine óga mar 'neacha gnéasacha' nó in éadaí giortacha a nochtann an iomarca dá gcorp. Cuid mhór de na daoine a d'fhreagair, dúirt siad gur dheacair riail a cheapadh faoin gceist seo, toisc nach ionann dearcadh daoine ar cad is éadaí 'giortacha' ann. Ní féidir riail uilíoch a cheapadh a leagann síos treoir faoi cén cineál nó cá mhéad éadaí atá ceadmhach, mar bíonn tábhacht mhór ag baint le comhthéacs an fhógráin. Mar shampla, i bhfógrán le haghaidh laethanta saoire, d'fhéadfadh sé a bheith iomlán nádúrtha agus iomchuí an páiste a thaispeáint gan mórán éadaí, m.sh. i gculaith shnámha. Mar sin de, ní dhearnadh iarracht gach uile scenario a chlúdach sna rialacha seo. Ina áit sin, díríonn siad ar éifeacht iomlán an fhógráin i.e. an léirítear an páiste ar shlí ghnéasach. Chomh maith leis sin, de réir na rialacha seo níor chóir d'fhógráin páistí a dhéanamh míshuaimhneach faoina gcuma nó faoina gcorp féin.

4.3 Príobháideachas agus Soláthar Eolais

Oiread agus is féidir é, ní iarrfaidh fógróirí ar pháistí eolas pearsanta a sholáthar fúthu féin, faoina dteaghlach nó faoina gcairde. I gcás go n-iarrann fógrán do pháistí ar pháistí a leithéid d'eolas a sholáthar, cuirfear in iúl go gcaithfidh an páiste cead a fháil ó dhaoine fásta sula seachadaítear an t-eolas. Caithfidh fógróirí a dhéanamh cinnte go lorgaíonn na páistí cead óna dtuismitheoirí/caomhnóirí.

I gcás go dtugtar a leithéid d'eolas, caithfear an-chúram a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta faoi lánchosaint agus go n-úsáidtear iad ar shlí atá freagrach ó thaobh na sochaí de agus a chloíonn le gach reachtaíocht ábhartha.

Chuir páistí agus daoine fásta a n-imní in iúl faoi fhógráin a iarrann ar pháistí eolas a sholáthar. Téann na rialacha faoin gceannteideal i ngleic leis na ceisteanna seo. Iarrtar ar fhógróirí gan an teicníc seo a úsáid ach go hannamh agus, má úsáidtear ar chor ar bith í, í a úsáid go stuama chun nach gcuirtear sábháilteacht na bpáistí ná príobháideachas an teaghlaigh i mbaol. Iarrann na rialacha ar fhógróirí dearcadh stuama a bheith acu i leith iarraidh ar pháistí eolas a thabhairt fúthu féin, faoina gcairde nó faoin teaghlach. Iarrtar ar fhógróirí a dhéanamh cinnte go n-úsáideann siad an t-eolas go stuama agus go n-iarrtar ar na páistí cead a lorg sula soláthraíonn siad an t-eolas.

4.4 Daoine Fásta ag Ligean Orthu gur Páistí Iad

Maidir le daoine fásta a bheadh le feiceáil i bhfógráin do pháistí ag ligean orthu féin gur páistí iad, ní ceadmhach aon mhasla ná díspeagadh a dhéanamh ar dhínit pháistí.

Sna freagraí a chuir siad ar fáil le linn an dara próiseas comhairliúcháin, dúirt páistí agus daoine óga gur mhinic a bhraith siad gur rud maslach é daoine fásta a úsáid i bhfógráin agus iad ag ligean orthu féin gur páistí iad. Is é bun agus barr na rialach seo ná go bhfuil sé ceadmhach i gcónaí do dhaoine fásta a ligean orthu féin gur páistí iad, ach nár chóir é sin a dhéanamh ar shlí atá maslach do dhínit pháistí. Níor chóir aon díspeagadh a dhéanamh ar pháistí ná a thabhairt le fios go bhfuil siad amaideach.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

5. Sábháilteacht Ghinearálta

5.1 Gniomhaíocht

5.1.1 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí páistí a spreagadh chun iad féin a chur i mbaol, ná dul isteach in áiteanna nach bhfuil eolas acu orthu ná labhairt le strainséirí.

5.1.2 I bhfógráin do pháistí, ní thaispeánfar páistí i ndálaí a bhfuil contúirt mhorálta nó fhisiceach ag baint leo, ná páistí á n-iompar féin ar shlí chontúirteach sa bhaile nó lasmuigh, ach amháin más é cuspóir an fhógráin an tsábháilteacht a chur chun cinn.

5.1.3 I bhfógráin do pháistí, taispeánfar páistí ag baint úsáide as trealamh sábháilteachta agus ag cloí le gach riail sábháilteachta a bhaineann le hábhar le linn dóibh a bheith i mbun gníomhaíochtaí ina dteastaíonn a leithéid, sin nó go mbeidh daoine fásta ag faire orthu, más cuí, mar shampla le linn do pháistí a bheith ina bpaisinéirí i bhfeithiclí, nó le linn dóibh a bheith ag rothaíocht, ag lannrolláil, ag clársclátáil, ag snámh, ag marcaíocht ar chapall nó a bheith i mbun spóirt uisce.

5.1.4 I bhfógráin do pháistí, níor chóir páistí a thaispeáint in aice le substaintí contúirteacha nó ag baint úsáide as a leithéid, mar shampla cipíní, gairis ghais, peitreal, substaintí áirithe tí, ná cógais a bheith ina seilbh nó a bheith á ndáileadh acu gan mhaoirsiú daoine fásta.

5.1.5 Má thaispeántar tine oscailte san fhógrán, ba chóir garda tine a bheith le feiceáil go soiléir má tá páiste le feiceáil freisin.

5.1.6 I bhfógráin do pháistí, níor chóir páistí a thaispeáint in aice le trealamh contúirteach gan daoine fásta a bheith ag faire orthu.

5.1.7 I bhfógráin do pháistí, ní thaispeánfar páistí ag úsáid an Idirlín gan daoine fásta a bheith ag faire orthu.

5.1.8 Níor chóir páistí a léiriú ar shráid ina n-aonar ach amháin i gcás go bhfuil siad sean go leor chun a bheith freagrach as a sábháilteacht féin.

5.2 Iompar pearsanta

5.2.1 I bhfógráin do pháistí, níor chóir páistí a spreagadh chun páirt a ghlacadh, ná iad a thaispeáint ag glacadh páirte, in iompar frithshóisialta, go háirithe bulaíocht nó magadh faoi pháistí eile nó páistí eile a chiapadh.

5.2.2 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí aon díspeagadh ar an oideachas ná a thabhairt le fios gur dea-thréithe iad iompar trodach nó saint.

Is é cuspóir na rialacha seo ná féachaint chuige nach gcuirtear páistí nó daoine óga i mbaol trí aithris ar ghníomhaíochtaí nó ar iompar a thaispeántar i bhfógráin do pháistí. Ordaíonn an cód go gcaithfear na páistí agus na daoine óga a ghlacann páirt i bhfógráin do pháistí a thaispeáint ag cloí leis na rialacha sábháilteachta cuí agus ag úsáid an trealaimh shábháilteachta chuí le linn dóibh i mbun gníomhaíochtaí sa bhaile nó lasmuigh.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

6. Foréigean

6.1 Tríd is tríd, mar phrionsabal, ní bheidh foréigean ná radhairc a chuirfeadh as do pháistí á dtaispeáint i bhfógráin do pháistí. I gcás go bhfuil sé riachtanach radhairc fhoréigneacha a chur san fhógrán, toisc gur teachtaireacht sheirbhis phoiblí atá ann, nó chun úsáid an táirge a thaispeáint, ní mór d'fhógróirí aird a bheith acu ar aoiseanna dóchúla na bpáistí a bheidh ag breathnú ar an teilifís agus an fógrán a sceidealú le haghaidh amanna oiriúnacha chun a chinntiú nach gcuireann a leithéid d'fhógrán as do dhaoine, go háirithe do pháistí óga.

Is é cuspóir na rialacha faoin gceannteideal seo a dhéanamh cinnte nach gcuirtear as do pháistí. Cé nach gcuireann na rialacha seo cosc ar úsáid an fhoréigin i bhfógráin do pháistí, molann siad mar phrionsabal ginearálta nár cheart foréigean a thaispeáint i bhfógráin do pháistí. Admhaíonn an cód go mbíonn gá ar uairbh le foréigean a thaispeáint mar pháirt d'fheachtais seirbhíse poiblí, chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl. Iarrtar ar chraoltóirí na fógráin a sceidealú le haghaidh amanna oiriúnacha. Mar shampla, ba chóir smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh an foréigean san fhógrán cur as do pháiste réamhscoile. Mar an gcéanna, má theastaíonn radhairc fhoréigneacha a úsáid chun an táirge nó an tseirbhís a mhíniú, ba chóir a leithéid chéanna de réamhchúram a dhéanamh.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

7. Aiste Bia agus Cothú

7.1 I bhfógráin do pháistí, ní thaispeánfar ná ní thagrófar do dhaoine clúiteacha, do réaltaí spóirt ná do dhaoine atá ina laochra i measc páistí d'fhonn táirgí bia nó deochanna a mholadh, ach amháin má tá an fógrán mar chuid d'fheachtas sláinte nó oideachais.

7.2 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí stíl mhaireachtála mhífholláin nó nósanna itheacháin mhífholláine a spreagadh, mar shampla nósanna itheacháin atá míchuíosach nó éigníoch.

7.3 Má thaispeántar daoine ag ithe béile le chéile i bhfógrán do pháistí, ba chóir a léiriú go soiléir cén ról atá ag an táirge laistigh d'aiste chothrom bia.

7.4 Maidir le gach fógrán do pháistí ar son táirgí nó seirbhísí a bhaineann le milseogra, caithfear siombail de scuab fiacla a thaispeáint ar an scáileán. Mar shampla, cístí, brioscaí, milseáin agus seacláid.

7.5 Ní bheidh aon eolas míchruinn i bhfógráin do pháistí, ná aon eolas a chuirfeadh míthreoir ar dhaoine maidir le luach cothaitheach an táirge.

7.6 Maidir le gach fógrán do pháistí ar ar son táirgí, siopaí agus/nó brandaí mearbhia, caithfidh teachtaireacht fhuaime nó fhíse a chraoladh ag rá gur cheart an bia seo a ithe mar pháirt d'aiste chothrom bia agus nár cheart é a ithe go rómhinic. Is mar seo a shainmhínítear mearbhia: bia den chineál a dtugtar an t-ainm sin air de ghnáth agus/nó bia cócaráilte neamhchostasach a ullmhaítear agus a dháiltear go tapa.

7.7 Ní dhéanfaidh fógráin do pháistí aon chomparáid gan bhunús idir bianna nó a thabhairt le fios gur féidir bianna áirithe a chur in ionad torthaí agus/nó glasraí.

Tá sé de chuspóir na rialacha faoin gceannteideal seo dul i ngleic leis an imní a léiríodh le linn an phróisis chomhairliúcháin i dtaobh otracht i measc páistí a bheith ceanagilte leis an bhfógraíocht do pháistí. Aithníonn an Coimisiún gur gaol casta é an gaol idir aiste bia páistí agus fógráin do pháistí. Níl san fhógraíocht do pháistí ach ceann amháin de na rudaí a mbíonn tionchar acu ar aiste bia agus ar chothú páistí.

Creideann an Coimisiún go bhfuil rialacháin fhógraíochta ina gcuid dhílis den díospóireacht maidir le hotracht i measc páistí, ó tharla go mbíonn tionchar ag fógráin ar na rudaí a itheann agus a ólann páistí. Níor chuir an Coimisiún cosc ar fhógráin a dhéanamh ar son cineálacha bia ar leith ag an bpointe seo. Ina áit sin, cheapamar rialacha a bhfuil sé de chuspóir acu meascán de bhearta oideachasúla agus de bhearta ardaithe feasachta a chur ar fáil, chomh maith le roinnt srianta a chur i bhfeidhm maidir le conas a léirítear bia i bhfógráin do pháistí.

Is é cuspóir na rialacha ná féachaint chuige nach gcothaíonn fógráin do pháistí aon nósanna itheacháin mífholláine i measc páistí. De réir na rialacha seo, ní ceadmhach aon chomparáid gan bhunús a dhéanamh idir bianna nó a thabhairt le fios gur féidir bianna áirithe a chur in ionad torthaí agus/nó glasraí.

Tá an cód fógraíochta do pháistí bunaithe ar an gcoincheap nach mar a chéile a thuigtear fógráin do pháistí agus do dhaoine fásta. Chun nach mbeidh fógráin do pháistí ag teacht i dtír ar pháistí, teastaíonn rialacha a chuireann acmhainní, easpa taithí agus saontacht na bpáistí san áireamh. Sa chomhthéacs seo, tá an Coimisiún den bharúil go bhfuil an-tábhacht leis an riail atá beartaithe chun cosc a chur ar dhaoine clúiteacha bia agus deoch a fhógairt i bhfógráin do pháistí. Is é cuspóir na rialacha ná féachaint chuige nach mbíonn fógráin do pháistí ag teacht i dtír ar an gcion, ar an dílseacht nó ar an meas a bhíonn ag páistí ar dhaoine clúiteacha áirithe. Inniu, tá daoine imníoch faoin tionchar a bhíonn ag an bhfógraíocht ar aiste bia agus ar chothú páistí, agus tá an riail i dtaobh daoine clúiteacha agus réaltaí spóirt ceaptha ag an gCoimisiún chun nach féidir an teicníc sin a úsáid i bhfógráin do pháistí. Ní bhaineann an riail seo ach le táirgí bia agus deochanna. Is féidir le cineálacha fógraíochta seachas an fhógraíocht do pháistí leas a bhaint as daoine clúiteacha i gcónaí chun bia agus deochanna a fhógairt. Eisceacht ar an riail seo is ea feachtais oideachasúla nó feachtais chun feasacht an phobail a ardú maidir le nósanna itheacháin folláine. Tá sé ceadmhach i gcónaí daoine clúiteacha nó réaltaí spóirt a úsáid ina leithéid d'fheachtas.

Tá dhá cheann de na rialacha dírithe ar bhearta oideachasúla agus ar bhearta chun feasacht daoine a ardú. Is é cuspóir na rialach maidir le milseogra agus siombail na scuaibe fiacla ná feasacht na bpáistí a ardú maidir le cé chomh riachtanach is atá sé go scuabfaidís a gcuid fiacla, go háirithe i ndiaidh táirgí le cion ard siúcra a ithe. Sainmhínítear 'milseogra' mar tháirgí a dtugtar an t-ainm sin orthu de ghnáth.

Maidir le gach fógrán do pháistí ar son táirgí, siopaí agus/nó brandaí mearbhia, caithfidh teachtaireacht fhuaime nó fhíse a chraoladh ag rá gur cheart an bia seo a ithe mar pháirt d'aiste chothrom bia agus nár cheart é a ithe go rómhinic. Is mar seo a shainmhínítear mearbhia: bia den chineál a dtugtar an t-ainm sin air de ghnáth agus/nó bia cócaráilte neamhchostasach a ullmhaítear agus a dháiltear go tapa.

De ghrá na soiléire, ní bheidh feidhm leis na rialacha seo ach i leith fógráin do pháistí.

Déanfar athbhreithniú ar na rialacha seo i ndiaidh bliain amháin, féachaint ar éirigh leo an fhadhb a leigheas. Idir an dá linn, déanfaidh an Coimisiún taighde maidir le méid, cineál agus líon na bhfógrán bia agus dí a chraoltar i réimse na fógraíochta do pháistí. Rachaimid i gcomhairle le craoltóirí, le heagraíochtaí sláinte agus leis an tionscal bia. Chomh maith leis sin, tá roinnt rudaí ag titim amach san Eoraip a mbeidh tionchar acu ar rialacha san am atá le teacht. Le haghaidh cur síos ar na hargóintí a phléigh an Coimisiún agus míniú iomlán ar réasúnaíocht an Choimisiúin maidir le rialacha a fhorbairt i dtaobh aiste bia agus cothú, léigh an Doiciméad dar teideal Ráiteas faoi Thorthaí Chéim a Dó den Phróiseas Comhairliúcháin. Tá an doiciméad sin le fáil ar www.bci.ie

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

8. Dualgais Tuismitheoirí

8.1 Is ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí is mó atá dualgas as a gcuid páistí, ach ba chóir d'fhógróirí tacú leis an gcaidreamh idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus a gcuid páistí trí chláir agus fógráin a sceidealú in amanna oiriúnacha agus gan baint d'údarás, d'fhreagracht nó de bhreithiúnas na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí maidir le hábhar na bhfógrán. Clúdaíonn seo plotaí a spreagann páistí chun cluain nó dallamullóg a chur ar dhaoine fásta chun go gceannóidh nó go soláthróidh siad an táirge nó an tseirbhís san fhógrán. Ní thabharfaidh fógráin do pháistí le fios go bhfuil tuismitheoir nó duine fásta a cheannaíonn nó a sholáthraíonn an táirge nó an tseirbhís don pháiste, go bhfuil sé níos fearr, níos cliste nó níos flaithiúla ná duine nach gceannaíonn nó nach soláthraíonn.

Is é cuspóir na rialach nó an phrionsabail seo ná aird a dhíriú ar ról tábhachtach agus ar dhualgas na dtuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis na hábhair theilifíse a mbreathnaíonn páistí orthu. Go deimhin, bíonn craoltóirí agus fógróirí ag súil le maoirseacht/idirghabháil de chineál éigin ó thuismitheoirí. Má chraoltar fógrán go déanach san oíche le linn cláir do dhaoine fásta, bíonn na craoltóirí ag súil leis go bhfuil a gcúram comhlíonta ag na tuismitheoirí/caomhnóirí chun nach bhfeicfidh a gcuid páistí an fógrán. Is amhlaidh a sceidealaíonn siad fógráin le haghaidh amanna oiriúnacha nuair a bhítear ag súil leis gur daoine fásta is mó a bhíonn sa lucht féachana. Gné eile den phrionsabal seo go mbíonn tuismitheoirí i dteideal bheith ag súil go gcomhlíonfaidh na craoltóirí agus na fógróirí a ndualgais siúd agus fógráin a sceidealú le haghaidh amanna oiriúnacha. Má cheadaíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí dá bpáistí breathnú ar chlár do pháistí, ní miste dóibh a bheith ag súil go mbeidh na fógráin a chraoltar le linn an chláir sin oiriúnach do pháistí.

Chomh maith leis sin, maidir le hábhar nó teachtaireacht an fhógráin, ordaíonn an riail seo go dtacaíonn fógráin do pháistí leis an gcaidreamh idir daoine fásta agus páistí. Focal tábhachtach is ea 'tacú' más mian an riail seo a thuiscint i gceart; an dtacaíonn teachtaireacht an fhógráin leis an gcaidreamh idir daoine fásta agus páistí? Is é cuspóir na rialach seo féachaint chuige nach spreagann na fógráin páistí chun cluain nó dallamullóg a chur ar a dtuismitheoirí/caomhnóirí chun go gceannóidh nó go soláthróidh siad an táirge nó an tseirbhís san fhógrán. Clúdaíonn seo plotaí ina léirítear páistí ag insint bréag nó ag cumadh scéalta chun go gcuirfeadh a dtuismitheoirí/caomhnóirí an táirge ar fáil dóibh. Ordaíonn na rialacha seo freisin nach dtabharfaidh fógráin do pháistí le fios go bhfuil tuismitheoirí nó caomhnóirí 'níos fearr' ná a chéile toisc go gceannaíonn nó soláthraíonn cuid díobh an táirge nó an tseirbhís atá san fhógrán.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

9. Carachtair ó Chláir

9.1 Ní úsáidfear carachtair nó daoine ó chláir do pháistí a chraoltar ar na seirbhísí dúchasacha chun táirgí nó seirbhísí a mholadh nó a fhógairt i bhfógráin do pháistí. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le fógráin do pháistí ar son táirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár a mbíonn na carachtair nó na daoine le feiceáil de ghnáth.

Maidir le fógráin do pháistí ar son táirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár do pháistí, ní ceadmhach na fógráin seo a chraoladh ar feadh an dá uair an chloig roimh thús agus deireadh cibé cláir a bheadh i gceist.

Coscann an riail seo carachtair/daoine/puipéid a bhíonn le feiceáil i gcláir do pháistí ó tháirgí nó seirbhísí a mholadh nó a fhógairt nach bhfuil baint acu leis an gclár ina mbíonn siad le feiceáil. Tá feidhm ag an riail seo i leith carachtar agus daoine ó chláir do pháistí a chraoltar ar stáisiúin Éireannacha. Is ionann seo agus a rá gur ceadmhach do charachtair ó chláir rud éigin a bhaineann lena gclár féin a fhógairt ach nach ceadmhach dóibh táirgí eile a fhógairt. Tá an riail seo bunaithe ar an gcontúirt atá ann, dar le go leor, go mbeifear ag teacht i dtír ar chion agus ar dhílseacht na bpáistí i leith na gcarachtar nó na láithreoirí a fheiceann siad i gcláir do pháistí nó go spreagfar na páistí chun daoine fásta 'a chrá' leis an táirge nó an tseirbhís a fháil dóibh. Cúis eile leis an riail seo ná ní i gcónaí is féidir le páistí an-óga deighilt idir cláir agus fógráin agus go bhféadfaí iad a chur trína chéile ar fad má bhíonn na carachtair chéanna le feiceáil sa dá chineál.

Is ceadmhach, áfach, carachtair ó chlár a úsáid i bhfógráin do pháistí a dhéantar ar son táirgí, imeachtaí, seirbhísí nó earraí marsanachta a bhfuil baint acu leis an gclár. Bíodh sin mar atá, ní ceadmhach na fógráin seo a chraoladh ar feadh tréimhse sainordaithe de dhá uair an chloig roimh thús agus i ndiaidh dheireadh cibé cláir a bheadh i gceist.

Arís, ní mór cuimhneamh nach bhfuil feidhm leis na rialacha seo ach i gcás na fógraíochta do pháistí.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

10. Toirimisc agus Srianta ar Tháirgí

10.1 Tá toirimisc agus srianta ar raon de tháirgí agus de sheirbhísí leagtha síos in **The Codes of standards, practice and prohibitions in advertising, sponsorship and other forms of commercial promotion in broadcasting services.** Ina measc seo tá cógais, alcól, tobac agus táirgí dlíthiúla. Tá feidhm leis na srianta seo i leith na fógraíochta do pháistí chomh maith. Chomh maith leis na srianta agus na toirmisc a liostaítear sa doiciméad sin, ní fhógrófar na táirgí, seirbhísí, cóireálacha nó gnóthaí seo a leanas i bhfógráin do pháistí:

10.2 Seirbhísí nó táirgí Geallchuir agus Cluichíochta (ach amháin an Crannchur Náisiúnta faoi mar a cheadaítear faoi bhun an Achta um Chrannchur Náisiúnta 1986)

10.3 Táirgí, seirbhísí, cóireálacha nó gnóthaí tanaithe (sainmhínítear 'tanú' mar seo: meáchan a laghdú, a shrianadh nó a rialú)

10.4 Seirbhísí a chuireann daoine in aithne dá chéile nó a dhéanann coinní eatarthu

10.5 Seirbhísí de chineál gnéasach

*Tá roinnt srianta agus toirmeasc ar fhógraíocht ar son táirgí áirithe luaite sa reachtaíocht agus **The Codes of standards, practice and prohibitions in advertising, sponsorship and other forms of commercial promotion in broadcasting services** (a dtagrófar dó as seo amach mar An Cód Ginearálta Fógraíochta). I measc na dtoirmeasc tá an tobac agus cógais áirithe chomh maith le srianta an bhfógraíocht reiligiúnach agus ar conas a dhéantar fógraíocht ar son táirgí dlíthiúla agus airgeadais, agus alcóil. Tá feidhm*

ag na rialacha sa Chód Fógraíochta Ginearálta i leith gach cineál fógraíochta, fógráin do pháistí san áireamh. Is rialacha breise ar an méid sin na rialacha a liostaítear sa chód fógraíochta do pháistí agus tá feidhm ag na rialacha ann leis an bhfógraíocht do pháistí go sonrach. Tá na toirmisc ar tháirgí a liostaítear anseo bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas ó fhreagróirí agus ar an bplé a rinneadh faoi phrionsabal lárnach eile de chuid an dréachtchóid. Níor fhorbair an Coimisiún aon rialacha ar leith maidir le halcól laistigh den Chód Fógraíochta do Pháistí go fóill. Tuigtear don Choimisiún go n-eiseoidh an Roinn Sláinte tuilleadh srianta ar an bhfógraíocht ar son alcóil sna míonna amach romhainn agus go ndéanfar cibé srianta a bheidh ann a fhí isteach sa chód fógraíochta do pháistí.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

11. Sainaithint agus Deighilt

11.1 Caithfidh deighilt shoiléir a bheith idir fógráin do pháistí agus ábhair chraolta eile maidir le híomhá, téacs agus fuaim. Ní ceadmhach píosaí ó chláir do pháistí a fhí isteach i bhfógráin ar shlí a bhféadfadh an deighilt idir fógráin agus ábhair chraolta eile a dhoiléiriú.

11.2 Beidh deighilt shoiléir idir fógráin do pháistí agus ábhair chraolta eile. Tá iallach ar chraoltóirí leid fhíse nó fhuaime a chraoladh le linn agus timpeall clár do pháistí chun a chur in iúl do pháistí go bhfuil sos fógraíochta ag teacht nó ag críochnú. Ní bheidh urraíocht ná ábhair fhógraíochta ar bith mar chuid d'aon leid den chineál sin.

Glactar leis gur chóir go mbeadh gach duine den lucht féachana in ann fógráin agus cláir a aithint thar a chéile. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás páistí, mar is ag aoiseanna éagsúla a fhoghlaimíonn siad conas cláir agus fógráin a aithint thar a chéile. Is é sin an fáth, i gcás fógráin do pháistí, go n-ordaíonn na rialacha do chraoltóirí leid nó comhartha a thabhairt do pháistí chun a chur in iúl dóibh go bhfuil clár ag teacht chun críche agus go bhfuil na fógráin ag tosú.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

12. Fógráin a Fhí Isteach

12.1 Ní ceadmhach fógráin a chraoladh le linn cláir do pháistí nach maireann níos faide ná 30 nóiméad, de réir sceidil.

12.2 Ní ceadmhach fógráin do pháistí le téama Nollag a chraoladh roimh Shamhain 1 gach bliain. Is é atá i gceist le 'fógráin le téama Nollag' ná aon fhógrán ina bhfuil tagairtí físe nó fuaime don Nollaig.

Is é cuspóir na rialach seo ná cosc a chur ar fhógráin do pháistí a chuireann páistí ag súil leis an Nollaig go róluath, sa chaoi is go bhfadaítear an tréimhse ama ina mbíonn siad ag súil leis an Nollaig. Ba iad na tuismitheoirí agus na caomhnóirí, le linn dóibh a bheith ag freagairt an dara próiseas comhairliúcháin, a d'iarr go gcuirfí srian ar an nós a bhí ann tús a chur leis an bhfógraíocht Nollag am ar bith ó mhí Lúnasa ar aghaidh gach bliain. Coscann an riail seo fógráin le 'téama' Nollag roimh Samhain 1 gach bliain.

Is é atá i gceist le 'fógráin le téama Nollag' ná aon fhógrán a tharraingíonn aird ar an Nollaig, a luann an Nollaig nó a úsáideann tagairtí físe nó fuaime don Nollaig, mar shampla amhráin Nollag, tagairtí do Dhaidí na Nollag, radhairc Nollag. Ní choscann an riail seo fógráin ar son bréagán nó táirgí eile roimh Shamhain 1. Bíodh sin mar atá, cuireann sí srian ar an gcaoi a gcuirtear na táirgí sin i láthair.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

13. Fógráin do Pháistí a Sceidealú

13.1 Sainmhínítear clár do pháistí i gcomhthéacs phróifíl aoise na ndaoine a mbreathnaíonn air nó a n-éisteann leis. Mar sin de, is ionann 'clár do pháistí' agus clár ar bith a dtugtar an t-ainm sin air de ghnáth agus/nó clár ar bith a bhfuil os cionn 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain d'aois. Aithníonn an cód prionsabal an dualgais tuismitheoirí. I dtéarmaí ginearálta, ní mheastar gur cláir do pháistí aon chlár a chraoltar i ndiaidh 10pm. Is ionann sin agus a rá nach clár do pháistí atá in aon chlár a sceidealaítear i gcomhair ama a oireann do dhaoine fásta go sonrach m.sh. i ndiaidh 10pm nó aon chlár a dtugtar rabhadh ina thaobh i.e. go bhfuil ábhar ann nach bhfuil oiriúnach ach do dhaoine fásta. Tá sin amhlaidh fiú más léir ó phróifíliú an chláir go bhfuil os cionn 50% den lucht féachana faoi bhun 18 bliain, mar is ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na bpáistí atá an fhreagracht is mó maidir leis na rudaí a mbreathnaíonn na páistí orthu.

13.2 Bainfidh craoltóirí úsáid as próifíliú lucht féachana chun cláir do pháistí a rangú. Maidir le cláir a chraoltar thar thréimhse fhada, úsáidfidh craoltóirí meánfhigiúir a taifeadadh thar thréimhse réasúnta chun a chinntiú cé acu clár do pháistí atá ann nó nach ea

13.3 Maidir le cláir aonuaire nó sraitheanna gearra, ní i gcónaí is féidir próifíl aoise an lucht féachana a thuar. I gcás mar sin, ba chóir do chraoltóirí tagairt do na treoirlínte sceidealaithe táscacha a imlínítear thíos. Is amanna táscanna iad seo a mhíníonn cad iad na hamanna is mó a mbíonn aoisghrúpaí éagsúla ag breathnú ar an teilifís. Le linn dóibh a bheith ag sceidealú fógrán do pháistí, agus ag measúnú oiriúnacht an fhógrái, caithfidh craoltóirí cinneadh a dhéanamh i bhfianaise aoisphróifíl an lucht féachana in aon am ar leith.

13.4 Is féidir, i dtosca eisceachtúla, go meallfaidh gnáthchláir nach rangaítear mar chláir do pháistí ar chor ar bith, lucht féachana a bhfuil os cionn 50% díobh ina bpáistí. Tá iallach ar chraoltóirí a bheith ar an airdeall faoin seans go dtarlódh sin, i gcomhthéacs scéalta nó cláir atá le teacht agus fógráin do pháistí a sceidealú dá réir.

13.5 Treoirlínte Sceidealaithe Táscacha

Is é cuspóir na dtreoirlínte seo ná creatlach tagartha a chur ar fáil d'fhógróirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

Le linn d'fhógráin do pháistí a bheith á sceidealú acu, déanfaidh craoltóirí a machnamh faoi oiriúnacht an fhógráin nó conas a d'fhéadfadh an fógrán cur as do pháistí, go háirithe páistí réamhscoile.

Déanfar fógráin do pháistí a sceidealú i bhfianaise oiriúnacht an fhógráin, ní amháin ó thaobh an fhógráin ann féin, ach ó thaobh a oiriúnachta i gcomhair an ama ina gcraoltar é, ag cuimhneamh ar an lucht féachana/éisteachta is dócha a bheith ann san am. Is é an príomh-mhodh a úsáidfear chun cinneadh ceart a dhéanamh faoi fhógráin do pháistí a sceidealú ná próifíliú lucht féachana/éisteachta.

I gcás nach féidir an modh sin a úsáid, tagróidh craoltóirí do na treoirlínte táscacha seo a leanas.

Má mheasann craoltóirí go bhfuil fógrán mí-oiriúnach do pháistí réamhscoile, níor chóir an fógrán sin a chraoladh le linn nó idir cláir do pháistí atá dírithe ar an aoisghrúpa sin.

Má mheasann craoltóirí go bhfuil fógrán do pháistí mí-oiriúnach do pháistí 5–10 bliain d'aois, nó go bhféadfadh sé cur as dóibh, ba chóir an fógrán sin a chraoladh i ndiaidh 9pm. D'fhéadfaí, ar an gcaoi sin, a chinntiú nach bhfeiceann formhór na bpáistí san aoisghrúpa sin an fógrán.

Má mheasann craoltóirí go bhfuil ábhair de chineál gnéasach nó foréigneach i bhfógrán do pháiste nach bhfuil oiriúnach do pháistí faoi 15, ní mór dóibh a machnamh a dhéanamh i dtaobh an fógrán sin a sceidealú tar éis 11pm.

Treoir do chraoltóirí agus d'fhógróirí is ea na rialacha seo maidir le fógráin do pháistí a sceidealú. Tá na treoirlínte bunaithe ar chóras próifílithe lucht féachana a chuireann nósanna féachana na bpáistí san áireamh. Bíonn craoltóirí agus fógróirí in ann teacht ar fhigiúirí lucht féachana le haghaidh gach cláir a chraoltar. Úsáidtear Neilsen Media Software chun na figiúirí seo a chur ar fáil agus úsáidtear iad chun a fháil amach cá mhéad daoine a bheathnaigh ar chlár ar leith, cad iad na aoisghrúpaí a bhí ann agus cén céatadán den lucht féachana a bhain leis na haoisghrúpaí éagsúla.

Maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh am oiriúnach le fógráin ar leith a chraoladh, creideann an Coimisiún gur cur chuige níos beaichte agus níos cothroime atá ann na figiúirí lucht féachana seo a úsáid, seachas am áirithe den lá nó 'tairseach' a leagan síos. Mar shampla, dá mbeadh cur chuige an tairsigh a úsáid, d'fhéadfaí cláir áirithe a chraoltar roimh 9pm a áireamh mar chláir do pháistí, cé gur daoine fásta is mó a bhreathnaíonn orthu. Mar an gcéanna, b'fhéidir gur páistí is mó a bhíonn ag breathnú ar chlár a sceidealaítear i ndiaidh 9pm. Tá sé de bhuntáiste an chórais phróifílithe lucht féachana gur féidir le craoltóirí gníomhú de réir nósanna féachana na bpáistí. Tá an córas seo ag teacht le prionsabal úd an Choimisiúin, go dteastaíonn leibhéil chosanta éagsúla ó pháistí i gcatagóirí aoise éagsúla. Mar shampla, má léiríonn na figiúirí féachana gur daoine d'aois 15-17 bliain is mó atá sa lucht féachana, ceadófar fógráin a chraoladh le linn an ama sin nach gceadófaí dá léireofaí na figiúirí gur páistí d'aois 4-8 bliain is mó a bhíonn ag breathnú ar an gclár. Beidh an cód níos solúbtha dá thairbhe seo. Tugann an córas seo le fios go soiléir cé acu clár do pháistí atá ann nó nach ea, sa chaoi is nach dteastaíonn tuairimí suibiachtúla a lorg faoi cé acu atá sé 'dírithe' ar pháistí nó nach bhfuil. Ina áit sin, dírítear aird ar na rudaí a mbíonn páistí ag breathnú orthu dáiríre, agus ar na cláir a bhfuil os cionn 50% dá lucht féachana faoi bhun 18 bliain.

Bua eile atá ag gcóras ná gur féidir na figiúirí lucht féachana a mheas i gcomhthéacs dhualgas tuismitheoirí. B'fhéidir go léireodh na figiúirí lucht féachana go mbíonn daoine óga ag breathnú ar ábhair do dhaoine fásta go déanach san oíche. Caithfear é sin a chur i gcomhthéacs phrionsabal an dualgais tuismitheoirí i.e. gur féidir le craoltóirí a bheith ag súil go ndéanfaidh tuismitheoirí maoirsiú éigin ar nósanna féachana na bpáistí san oíche.

Cén dearcadh atá agat faoi na rialacha a thugtar faoin gceannteideal seo?

14. Measúnú

14.1 Déanfar gach fógrán agus gach sampla d'fhógraíocht do pháistí a mheas de réir a fhiúntais féin. Is ionann sin agus a rá go measfar gach fógrán de réir an ábhair atá ann agus an chomhthéacs ina bhfuil sé le craoladh. Is é atá i gceist ná an t-am craolta, an cineál cláir atá ar siúl nuair a chraoltar é agus aoisphróifíl dhóchúil an lucht féachana a bhíonn ag breathnú ar an teilifís nuair a chaoltar an fógrán.

Déanfar gach fógrán do pháistí a mheas i bhfianaise fhorálacha an Chóid Fhógraíochta do Pháistí.

Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?

15. Riar an chóid

Le linn an dara céim den phróiseas comhairliúcháin, lorg an Coimisiún tuairimí i dtaobh riar an chóid. Tá baint ag an gceannteideal seo le conas a chuirfear an cód i bhfeidhm seachas leis na rialacha a bheidh sa chód. Clúdaíonn an ceannteideal ceisteanna ar nós conas a dhéanfaidh an Coimisiún monatóireacht, féachaint an bhfuiltear ag cloí leis an gcód, conas a oibreofar an cód agus an clár ama atá beartaithe i gcomhair an cód a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar a chuid conraitheoirí (na seirbhísí raidió agus teilifíse a cheadúnaíonn sé) agus ar sheirbhísí RTÉ, féachaint an bhfuiltear ag cloí leis an gcód. Chomh maith leis sin, tá cead ag daoine gearán a dhéanamh faoi fhógráin do pháistí a sháraíonn an cód, dar leo. Tá ról reachtúil ag an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin gearáin atá bunaithe ar an gcód seo a mheas agus breithiúnas a dhéanamh orthu.

Maidir leis an gclár ama i gcomhair an cód a chur i bhfeidhm, is mian leis an gCoimisiún go gcuirfí an cód i bhfeidhm a luaithe agus is féidir. Tá réimsí áirithe a chaithfear a shoiléiriú le craoltóirí agus le fógróirí sula mbeidh an cód á fheidhmiú go hiomlán. Mar shampla, caithfear teacht ar chomhaontú faoi shiombail na scuaibe fiacla, mionsonraithe faoi conas teachtaireachtaí scáileáin agus fuaime a thaispeáint. Caithfear deiseanna a aimsiú do lucht an tionscail fhógraíochta agus do chraoltóirí leis na rialacha a fhí isteach ina gcuid oibre. I ndiaidh don chód fógraíochta deifnídeach a bheith foilsithe, beidh fógróirí ar an eolas faoi cad é atá ceadmhach i réimse na fógraíochta do pháistí faoi bhun an chóid. Bíodh sin mar atá, seans go mbeidh gá le hidirthréimhse a leagan síos chun an t-athrú rialacha a éascú agus chun an fhógraíocht do pháistí a chur in oiriúint do na rialacha nua.

Cén dearcadh atá agatsa faoin tréimhse ama ba chóir a cheadú sula gcuirtear an cód i bhfeidhm go hiomlán?

Achoimre

- **Luachanna sóisialta**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Easpa Taithí agus Saontacht**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Brú Mí-oiriúnach**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Cosaint ar leith do Pháistí i gCúrsaí Fógraíochta**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Sábháilteacht Ghinearálta**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Foréigean**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Aiste Bia agus Cothú**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Dualgais Tuismitheoirí**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Carachtair ó Chláir**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Toirimisc agus Srianta ar Tháirgí**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Sainaithint agus Deighilt**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Fógráin a Fhí Isteach**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Fógráin do Pháistí a Sceidealú**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Measúnú**
  Cén dearcadh atá agat faoin riail (na rialacha) a thugtar faoin gceannteideal seo?
- **Riar an Chóid**
  Cén dearcadh atá agatsa faoin tréimhse ama ba chóir a cheadú sula gcuirtear an cód i bhfeidhm go hiomlán?

Gabhann an Coimisiún buíochas leat as do chuid ama a chur ar fáil agus páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Ba chuid dhílis d'fhorbairt an Chóid na tuairimí a chuir sibh inár láthair. Cuirfear cóip den leagan deifnídeach den chód fógraíochta do pháistí chuig gach duine a bhí páirteach ina fhorbairt.

Forbairt an Dréachtchóid Fhógraíochta do Pháistí – Cúlra

4

Intreoir is ea an chuid seo den doiciméad ar obair Choimisiún Craolacháin na hÉireann agus ar an dualgas reachtúil atá air chun cód fógraíochta do pháistí a fhorbairt. Mínítear an cuspóir a bhí leis an tríú céim den phróiseas comhairliúcháin i gcomhthéacs fhorbairt fhoriomlán an chóid fhógraíochta do pháistí.

Coimisiún Craolacháin na hÉireann

Tá Coimisiún Craolacháin na hÉireann freagrach as roinnt réimsí lárnacha a bhaineann le seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn, faoi bhun fhorálacha an Achta Raidió agus Teilifíse 1988 agus an Achta Chraolacháin 2001. Ar na réimsí seo tá:

Ceadúnú:
Is é an Coimisiún a cheadúnaíonn seirbhísí neamhspleácha craoltóireachta agus é mar chuspóir aige éagsúlacht a chothú agus roghanna a sholáthar do lucht féachana/éisteachta. Tá seirbhís náisiúnta chláir theilifíse (TV3) á ceadúnú aige, chomh maith le seirbhís náisiúnta raidió (Today FM) agus 48 stáisiúin raidió eile, idir stáisiúin áitiúil, stáisiúin phobail, stáisiúin sainspéise agus stáisiúin institiúideacha. Is é an Coimisiún atá freagrach as seirbhísí breise a cheadúnú, ar chábla digiteach, ar MMD agus ar chórais satailíte.

Cóid agus Rialacha:
Tá an Coimisiún freagrach as cóid agus rialacha a fhorbairt i dtaca le caighdeáin chláraithe agus fhógraíochta. A luaithe is a thagann na cóid seo i bhfeidhm caithfidh gach craoltóir, idir phoiblí agus phríobháideach, cloí leo.

Monatóireacht:
Déanann an Coimisiún monatóireacht ar na seirbhísí seo go léir chun a chinntiú go gcloíonn sealbhóirí ceadúnais lena ndualgais reachtúla agus le téarmaí a gconarthaí. Is gnéithe den mhonatóireacht seo feidhmiú na gclár a mheasúnú, chomh maith le struchtúir úinéireachta agus rialaithe, feidhmiú airgeadais agus trádála, cleachtais maidir le bainistiú acmhainní daonna agus áiseanna craolacháin agus stiúideo.

Forbairt:
Cuireann an Coimisiún tacaíocht ar fáil i gcomhair thionscnaimh traenála agus forbartha, féachaint le cultúr sárchaighdeáin a chothú san earnáil chraoltóireachta neamhspleách. Chomh maith leis sin, tugann an Coimisiún tacaíocht do thionscnaimh chláraithe ar nós an scéim úd *New Adventures in Broadcasting*.

Taighde:
Déanann an Coimisiún taighde a chur i gcrích agus/nó a choimisiúnú chun cabhrú le polasaí craoltóireachta a fhorbairt in Éirinn, i gcomhthéacs athruithe teicneolaíochta, athruithe i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, formáidí nua cláraithe agus treochtaí agus taithí idirnáisiúnta.

Eolas:
Foilsíonn agus scaipeann an Coimisiún eolas orthu siúd atá ag obair san earnáil chraoltóireachta agus ar an ngnáthphobal chomh maith.

Cur chuige maidir le forbairt an chóid fhógraíochta do pháistí

Tá dualgas ar an gCoimisiún cóid a dhréachtú faoi bhun an Achta Chraolacháin 2001. Orthu seo tá:

- Cód ginearálta i leith na fógraíochta
- Cód maidir le toighis agus cuibhiúlacht
- Rialacha a chuireann iallach ar chraoltóirí bearta a dhéanamh chun cabhrú le daoine le deacrachtaí éisteachta agus radhairc sa chaoi is go mbeidh siad in ann cláir a thuiscint agus sult a bhaint astu.
- Cóid agus Rialacha a bhaineann go sonrach le fógraíocht do pháistí agus
- Rialacha *Minuteage*

Ábhar corraitheach a phléitear go han-mhinic agus a gcuirtear an-spéis ann is ea ceist na fógraíochta do pháistí. Tá an Coimisiún i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus ar fhormáid na rialachán a bhaineann le fógraíocht do pháistí ar leibhéal na hEorpa agus laistigh den Treoir úd de chuid an AE, *Television Without Frontiers*. Rinneamar machnamh ar na cóid a forbraíodh i mballstáit eile de chuid an AE agus i dtíortha eile. Táimid ar an eolas faoi fhorbairtí nua teicneolaíochta a éascóidh teicnící nua fógraíochta.

Tuigeann an Coimisiún gurb ábhar casta é seo agus chuamar i mbun an cód a forbairt i dtrí chéim ar leith. Is mar sin is fearr is féidir an plé agus an díospóireacht a roinnt i gcodanna indéanta. Is mar sin is fearr is féidir an pobal a dhéanamh rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin freisin.

Céim a hAon

Ba in Aibreán 2003 a cuireadh tús leis an gcéad chéim d'fhorbairt an chóid fhógraíochta do pháistí, agus ba i mí Iúil 2003 a cuireadh i gcrích í. Tá tuilleadh eolais faoin gcúlra reachtaíochta a bhaineann le forbairt an chóid fhógraíochta do pháistí ag leibhéal Éireannach agus ag leibhéal Eorpach le fáil sa doiciméad a foilsíodh le linn Chéim Chomhairliúcháin a hAon. Rinne an Coimisiún cinntí i bhfianaise an dá aighneacht is fiche a fuarthas agus i bhfianaise an phlé agus na díospóireachta ag cruinnithe de chuid Bhord an Choimisiúin i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2003.

Torthaí Chéim a hAon

Tá an doiciméad comhairliúcháin a úsáideadh le linn chéim a haon, an achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas de thoradh ar chéim a haon agus ráiteas cuimsitheach faoi thorthaí na céime sin den phróiseas comhairliúcháin le fáil ar ár suíomh gréasáin http://www.bci.ie nó ar iarratas ón gCoimisiún. Seo thíos achoimre ar na cinntí a rinneadh.

Cur chuige maidir le forbairt an chóid

Tríd is tríd, bhí na rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin ag teacht le cinneadh an Choimisiúin an cód a fhorbairt i dtrí chéim agus freisin leis na gníomhaíochta a moladh le haghaidh gach céime. Dá thoradh sin, chinn an Coimisiún leanúint d'fhorbairt an chóid i dtrí chéim ar leith.

Sainmhíniú na n-eochairtheármaí

Ba iad na heochairtheármaí a bhí le sainmhíniú i gcéim a haon ná 'páiste' agus 'fógraíocht do pháistí' agus b'éigean teacht ar chomhaontú maidir leis an gciall atá le roinnt téarmaí fógraíochta.

'Páiste'

Tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún páiste a shainmhíniú mar **aon duine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.** Mheas an Coimisiún, mar pháirtí Stáit a thacaíonn le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste, go raibh sé tábhachtach aitheantas a thabhairt sa Chód Fógraíochta do Pháistí don dualgas atá ann aire a thabhairt do gach páiste faoi bhun aois ocht mbliana déag.

Bíodh sin mar atá, tuigeann an Coimisiún go dteastaíonn leibhéil éagsúla chosanta ó pháistí d'aois éagsúil, go háirithe páistí atá an-óg ar fad agus páistí os cionn cúig bliana déag.

'Fógraíocht do pháistí'

Rinne an Coimisiún a machnamh faoi cheithre ghné a d'fhéadfaí a úsáid chun teacht ar shainmhíniú ar cad is 'fógraíocht do pháistí' ann. Orthu sin bhí:

- Cineál an táirge/na seirbhíse/na gníomhaíochta atá á fógairt agus an sprioclucht féachana/éisteachta
- An uair a chraoltar an fógrán
- Na cláir a bhíonn á gcraoladh timpeall an ama a gcraoltar an fógrán
- An friotal, stíl fhíse, na haisteoirí agus na carachtair a úsáidtear san fhógrán.

Rinne an Coimisiún cinneadh, i ndiaidh a machnamh a dhéanamh ar na freagraí a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin, go n-úsáidfí dhá ghné chun teacht ar shainmhíniú. Is é rún an Choimisiúin, agus fógraíocht do pháistí á sainmhíniú aige, ná díriú ar chineál an táirge/na seirbhíse/na gníomhaíochta atá á fógairt agus ar na cláir a bhíonn á gcraoladh timpeall an ama a gcraoltar an fógrán.

Is é an sainmhíniú atá ar **Fhógraíocht do Pháistí,** chomh fada is a bhaineann sé le Forbairt an Chóid Fhógraíochta do Pháistí ná

'Is é is fógraíocht do pháistí ann ná fógraíocht a chuireann táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí chun cinn a mheastar a bheith ina n-ábhair spéise ag páistí go sonrach agus/nó fógraíocht a chraoltar idir cláir do pháistí agus lena linn.'

Téarmaí Fógraíochta Ginearálta

Bhí formhór na bhfreagróirí i bhfách leis an réasúnaíocht a bhí taobh thiar de chur chuige an Choimisiúin, agus bhí siad sásta go mbainfeadh an Coimisiún úsáid as na sainmhínithe seo ar théarmaí fógraíochta ginearálta atá i bhfeidhm faoi láthair ag leibhéal AE. Maidir le téarmaí fógraíochta nach bhfuil aon sainmhíniú orthu go fóill ag leibhéal AE, shocraigh an Coimisiún cloí leis na sainmhínithe sealadacha a ceapadh sa doicméad comhairliúcháin.

Creatlach don Chód

Is í an chreatlach a ceapadh don chód ná liosta de cheannteidil a úsáideadh chun ceisteanna a chur faoin ábhar a bheadh sa chód fógraíochta do pháistí. Measadh gur chlúdaigh na ceannteidil seo na réimsí arbh éigean iad a phlé le linn don chód fógraíochta do pháistí a bheith á cheapadh. Comhaontaíodh an liosta seo a leanas de thoradh ar chéim a haon:

- Luachanna sóisialta
- Easpa taithí agus saontacht
- Brú mí-oiriúnach a sheachaint
- Cosaint ar leith
- Sábháilteacht/Dochar a sheachaint
- Dualgas tuismitheoirí
- Carachtair ó chláir nó carachtair de chuid na bhfogróirí a úsáid i gcomhair thionscnaimh thráchtála, earraí/seirbhísí a bheith á moladh ag daoine aithnidiúla
- Toirmisic ar tháirgí
- Léiriú fíricí
- Praghas agus téarmaí ceannaigh/comparáid le táirgí nó seirbhísí eile
- Fógráin a shainaithint, a dheighilt agus a sceidealú
- Fógraíocht scáileáin scoilte, an fhógraíocht fhíorúil agus an fhógraíocht idirghníomhach
- Measúnú
- Riar an chóid

Céim a Dó

Ba in Iúil 2003 a cuireadh tús leis an dara céim d'fhorbairt an chóid fhógraíochta do pháistí, agus ba i mí na Nollag 2003 a cuireadh i gcrích í.

Tá an doiciméad comhairliúcháin a úsáideadh le linn chéim a dó, an achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas de thoradh ar chéim a dó agus ráiteas cuimsitheach faoi thorthaí na céime sin den phróiseas comhairliúcháin le fáil ar ár suíomh gréasáin *http://www.bci.ie* nó ar iarratas ón gCoimisiún.

Fuarthas breis agus 540 aighneacht de thoradh ar Chéim a Dó. Ba ón bpobal a tháinig a bhformhór mór. Seoladh chugainn ar líne iad, ónár suíomh gréasáin. Fuarthas freagraí ó chraoltóirí freisin, agus ó fhógróirí, ó chomhlachtaí oideachais, ó eagraíochtaí sláinte agus ó chomhlachtaí reachtúla eile. Chuir an Coimisiún leagan simplí den doiciméad seo ar fáil, a bheadh oiriúnach do pháistí chun go mbeidh páistí rannpháirteach sa phlé seo. Fuarthas freagraí ó bhreis agus 244 páistí.. Chomh maith leis sin, d'oibríomar i bpáirt le hOifig Náisiúnta na bPáistí agus d'eagraíomar ócáid i bPáirc an Chrócaigh le haghaidh breis agus 90 páiste a phléigh na rialacha ba mhaith leo a bheith sa chód. Tá achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas ó na páistí, agus cóip den tuarascáil i dtaobh na hócáide comhairliúcháin do pháistí, le fáil ar ár suíomh gréasáin ar *www.bci.ie*.

Sa dara céim den phróiseas comhairliúcháin, lorgaíodh tuairimí faoi na rialacha ba chóir a bheith sa chód. Cuireadh na ceisteanna sin faoi cheithre cheannteideal déag a comhaontaíodh le linn Chéim a hAon. Mar chabhair don phobal, chuir an Coimisiún eolas ar fáil sa doiciméad comhairliúcháin maidir le nósanna féachana pháistí na hÉireann. Tá an tuairisc dar teideal *Children's Viewing Patterns in Ireland* le fáil ar *www.bci.ie*.

Bhí tionchar ag na haighneachtaí a fuarthas ar na rialacha atá sa dréachtchód fógraíochta do pháistí. Cuireadh raon de thuaimí éagsúla in iúl. I gcás cuid de na ceannteidil, mar shampla Easpa Taithí agus Saontacht, ba bheag easaontas a bhí idir na freagróirí. Bhí tuairimí difriúla ag daoine maidir leis na ceannteidil Aiste Bia agus Cothú, Brú Mí-oiriúnach agus Luachanna Sóisialta. Ní miste a rá go raibh tionchar suntasach ag na freagraí a fuarthas ó pháistí ar an dréachtchód, go háirithe maidir leis na rialacha faoi na ceannteidil seo: Easpa Taithí agus Saontacht, Cosaint ar Leith do Pháistí i gCúrsaí Fógraíochta, Carachtair ó Chláir a Úsáid agus Sábháilteacht Ghinearálta. Cé go dtugtar nótaí míníthe faoin gach ceannteideal sa doiciméad seo, tá míniú níos iomláine ar na rialacha agus ar an bplé a bhí an gCoimisiún ina dtaobh le fáil sa Ráiteas faoi Thorthaí ar Chéim a Dó, atá le fáil ar *www.bci.ie*.

Achoimre

Céim a haon
Rinne an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí le linn chéim a haon.

- Chuir sé eolas ar fáil agus chuir an pobal ar an eolas faoin dualgas reachtúil atá air chun cód fógraíochta do pháistí a fhorbairt.
- Thosaigh sé ar thaighde cainníochtúil a dhéanamh ar nósanna féachana pháistí na hÉireann.
- Chuaigh sé i mbun na chéad chéime den phróiseas comhairliúcháin poiblí.

Iarradh ar dhaoine a dtuairimí a nochtadh faoi na hábhair seo le linn na chéad chéime den phróiseas:

- An cur chuige céimnithe atá molta ag an gCoimisiún maidir le forbairt an chóid
- Sainmhíniú na n-eochairthéarmaí, ar nós 'páiste' agus 'fógraíocht do pháistí'.
- Creatlach an chóid – nó na ceannteidil a úsáidfear chun an cód a fhorbairt. Chuir an Coimisiún dhá cheannteideal déag i láthair agus d'iarr ar dhaoine a insint dúinn cé acu a bhí siad oiriúnach nó nach raibh. D'fhiafraigh an Coimisiún de dhaoine an raibh ceannteidil eile ann ba chóir a chur san áireamh.

Céim a dó
Le linn chéim a dó mhéadaigh an Coimisiún ar thuiscint an phobail maidir le hobair an Choimisiúin maidir le fobairt an chóid fhógraíochta do pháistí.

- Úsáideadh an dara doiciméad comhairliúcháin chun tuairimí maidir le hábhar an chóid a lorg.
- Úsáideadh doiciméad comhairliúcháin do pháistí chun dul i gcomhairle le páistí, agus reáchtáladh ócáid chomhairliúcháin do pháistí freisin.
- Foilsíodh taighde cainníochtúil ar nósanna féachana páistí.

Céim a trí
Le linn chéim a trí, d'fhoilsigh an Coimisiún dréacht den chód fógraíochta do pháistí bunaithe ar na tuairimí a nochtadh sa phróiseas comhairliúcháin agus ar na cinntí a rinne an Coimisiún féin de thoradh an phróisis. Tá an doiciméad seo foilsithe agus dáilte. Táimid anois ag iarraidh ar an bpobal a dtuairimí ina thaobh a nochtadh. Ullmhóidh an Coimisiún leagan deifnídeach den chód fógraíochta do pháistí, ag cur san áireamh na haighneachtaí a fuarthas le linn gach céime d'fhorbairt an chóid.